AG TABHAIRT TACAÍOCHTA DO DHALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA CÓGAIS ACU

Ciallaíonn polasaí cuimsitheach oideachais go gcuirfear oideachas ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i réimse éagsúil scoileanna, idir ranganna agus ionaid chomh maith le hionaid tacaíochta foghlama i ngnáthscoileanna áitiúla, naíscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna san áireamh anseo, agus i scoileanna speisialta fosta. D'fhéadfadh páistí a bhfuil riachtanais chasta leighis acu bheith i gceist anseo fosta agus i gcás mar seo b'fhéidir go mbeadh gá le roinnt sainmhodhanna oibre maidir lena sláinte fhisiciúil.

Is gá do gach ball foirne, de réir 'dhualgas cúraim' na scoile, feidhmiú mar 'loco parentis' i gcás daltaí atá curtha ar a iontaobh agus ar iontaobh aon ghníomhaíochta a bhaineann leis an scoil.

Cuirfear an oiliúint chuí ar na baill foirne a thugann cuidiú do dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis acu agus slánófar iad ó thaobh dlí de sna téarmaí atá leagtha síos i gCuid 1.

Níl aon dualgas reachtúil ann a chuireann iachall ar bhaill foirne scoile cógas leighis a thabhairt; is ról deonach é seo agus níl sé i gceist sna Treoirlínte seo ceart na mball foirne gan an ról seo a dhéanamh a athrú ar dhóigh ar bith.
Tá seo scríofa, áfach, chun cuidiú le scoileanna a bhíonn ag dréachtú polasaithe a bhaineann le cógas a bhainistiú sna scoileanna agus chun cabhrú leo córais éifeachtacha bainisteoireachta a chur i bhfeidhm le tacú le daltaí faoi leith a bhfuil riachtanais leighis acu nuair a bhíonn múinteoirí nó baill foirne eile toilteanach cógas a thabhairt do dhalta. Tugtar treoir ar leithligh uaidh seo maidir leis na prótacail do dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis ghearrthéarmacha acu, leithéidí daltaí a bhfuil cúrsa leighis le críochnú acu agus daltaí a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha acu. Soláthraítear pro forma (foirm), ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh de nó ar féidir a athrú de réir mar is gá, i gCuid 2.

Tá sé i gceist go mbainfí úsáid as an treoir seo i ngach scoil agus in ionaid eile oideachasúla ach, leis an mhéadú atá ann ar líon na ndaltaí a chuirtear san áireamh i ngnáthscoileanna, táthar ag dúil go mbeadh sé ina chuidiú san earnáil sin ach go háirithe.

Ní léirmhíniú cinnte dlíthiúil iad na treoirlínte: mar is ar na cúirteanna amháin a luíonn an dualgas tuiscint a bhaint as an dlí.

Is iad na Ranna Oideachais agus Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteacht Phoiblí, i gcomhairliúchán leis na Boird Oideachais agus Leabharlainne, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil chomh maith le cuid mhór daoine gairmiúla oideachais agus sláinte agus Ceardchumainn na Múinteoirí a scríobh an Treoir seo.

2007

TÁ SÉ TÁBHACHTACH SUNTAS A DHÉANAMH DÍOBH SEO A LEANAS

B'fhéidir go mbeidh cásanna ann ina n-iarrtar ar oibrithe scoile cógas a thabhairt do dhuine ach ní féidir iachall a chur orthu seo a dhéanamh.

Baineann an fhreagracht maidir le haon chógas a thabhairt do pháistí leis an tuismitheoir nó leo siúd a bhfuil dualgas tuismitheora orthu.

Níor cheart cógas a thabhairt chun na scoile ach amháin nuair atá sé riachtanach agus nuair a bhíonn comhaontú ann ón Phríomhoide.

Ba cheart go n-iarrfadh tuismitheoirí, nuair is féidir é, go dtabharfaí cógas i ndáileogachtaí a d'fhéadfaí é a ghlacadh taobh amuigh d'uaireanta scoile m.sh. cógais ar gá iad a ghlacadh trí huaire sa lá, d'fhéadfaí dáileogacht a ghlacadh ar maidin, ceann i ndiaidh am scoile agus ceann san oíche.

Ba cheart do scoileanna bheith ar an airdeall maidir leis an bhaol a bhaineann le daoine óga ag glacadh aspairíne agus iobúpróiféine agus níor cheart iad a thabhairt mar chógas ach amháin má tá treoir cheart shoiléir leighis ann.

AG TABHAIRT TACAÍOCHTA DO DHALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS LEIGHIS ACU

CLÁR

CUID I – ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

Leathanach

Roinn

1. Intreoir

2. Ceisteanna Ginearálta

- **Dualgas Dlíthiúil**
- **Polasaí Slánaíochta**
- **Rúndacht**
- **Ag comhordú eolais**
- **Riachtanais Speisialta Oideachais**
- **Bainistiú Riosca**

3. Cógas Leighis i Scoileanna: Feidhmeanna agus Freagrachtaí

- **Tuismitheoirí** [1]
- **Earnáil an Oideachais**
- **An Earnáil Sláinte**

4. Ag Forbairt Polasaithe agus Modhanna Oibre chun Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Leighis acu

- **Ag tabhairt isteach Polasaí**
- **Monatóireacht agus Measúnú**

5. Eiseamláir de Pholasaí maidir le Cógas a thabhairt ar Scoil

6. Ag Déileáil le Cógas go Sábháilte

- **Bainistiú Sábháilteachta**
- **Ag Stóráil Cógas**
- **Drugaí Rialaithe**
- **Teacht ar Chógas**
- **Diúscairt Cógas**
- **Sláinteachas/Smacht ar Ionfhabhtú**

7. Teacht ar Chomhairle, Eolas agus Oiliúint do na Scoileanna

8. Cúinsí eile faoina dtiocfadh le scoil socruithe speisialta a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis acu.

[1] The term parent used throughout this document refers to parents or to those with parental responsibility for the child.

- **Turais Oideachais**
- **Gníomhaíochtaí Spóirt**
- **Córas Iompair Scoile**

CUID II: AG TABHAIRT CÓGAS

1. Ceisteanna Ginearálta

- **Seachadadh Cógas**
- **An Daltaí féin ag Tabhairt Cógais Dó Féin**
- **Ag Diúltiú do Chógas**
- **Ag Coinneáil Taifead**

2. Riachtanais Cógas sa Ghearrthéarma – Cógas a thabhairt do dhuine

- **Cógas Gearrthéarma ar Oideas**
- **Cógas nach bhfuil ar Oideas**

3. Ag Pleanáil Cógas do Dhalta a bhfuil Bail Fhadtéarma air

- **Pleanáil Cógas Leighis**
- **Pro forma AM1 – AM6 le fótachóipeáil nó le leasú chun go n-úsáidfeadh scoileanna é.**

CUID III: GNÁIS ÉIGEANDÁLA

- **Cógas Leighis Éigeandála**
- **Gnáis Éigeandála**
- **Foirm um Ghlaoch Éigeandála**

CUID IV: BAIL CHOITIANTA

- **Plúchadh**
- **Titimeas**
- **Diaibéiteas**
- **Anaifiolacsas**
- **Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA)**

CUID V: TEAGMHÁLACHA

Teagmhálacha Úsáideacha/Acmhainní Idirlín

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 1: INTREOIR

1.1.1 Beidh riocht sláinte ar fhormhór na ndaltaí ag am éigin, a chuirfidh isteach, b'fhéidir, ar an pháirt a ghlacann siad i ngníomhaíochtaí scoile. I gcás cuid mhór acu beidh riachtanas gearrthéarma sláinte; b'fhéidir cúrsa de chógas leighis le críochnú, de bharr timpiste nó chun teacht chuige féin i ndiaidh tinnis. Beidh daltaí eile ann a mbeidh cógas

de dhíth orthu ar bhonn fadtéarma chun iad a choinneáil sláintiúil, mar shampla páistí a bhfuil titimeas acu ach é faoi smacht go maith nó fiobróis chisteach agus, muna ndéantar seo a choinneáil faoi smacht i gceart, d'fhéadfadh sé bac a chur orthu an chuid is fearr dá gcumas a bhaint amach. Tá riachtanais leighis ar dhaltaí mar seo. Bíonn an chuid is mó de na daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu ábalta freastal ar scoil go rialta agus, le roinnt tacaíochta ón scoil, is féidir leo páirt a ghlacadh sa chuid is mó de na gníomhaíochtaí scoile. Beidh aisfhreagra dearfach ón scoil i leith riachtanas leighis dalta ar leas an dalta féin agus ar leas an dearcaidh a bhíonn ag daoine eile air.

1.1.2 Is féidir riachtanais leighis a roinnt ina thrí chatagóir:

- Daltaí a mbíonn cógas gearrthéarma ar oideas de dhíth orthu fá choinne géarmhíochaine, mar shampla infhabhtú cluaise nó cliabhraigh. Is iondúil go mbeadh páistí mar seo i ndiaidh bheith as láthair ón scoil agus seans go mbeadh siad ar chógas fós ar fhilleadh chun na scoile dóibh.

- Daltaí a bhfuil bail fhadtéarma orthu a bhfuil cógas rialta ag teastáil uathu; is iad an dá chatagóir is mó laistigh de ghrúpa seo ná páistí a bhfuil plúchadh orthu agus iad siúd a bhfuil NHEA acu.

- Daltaí ar annamh a mbeadh gá le cógas a thabhairt dóibh i gcás éigeandála: D'fhéadfadh dhá chineál de chásanna éigeandála tarlú ar láthair scoile:

    - Nuair nach rabhthas ar an eolas go raibh riocht míochaine ar an dalta agus go n-eascraíonn géarchéim leighis gan aon choinne.

    - Nuair a bhíonn géarchéim leighis ag dalta arb eol an riocht míochaine atá air agus a mbaineann an ghéarchéim leis agus a bhfuil Plean Leighis aige, ar nós páistí a mbíonn ailléirgí tromchúiseacha acu agus ar féidir go mbeadh instealladh aidréanailín de dhíth orthu.

1.1.3 Laistigh de gach ceann de na catagóirí seo is féidir an cógas leighis bheith tugtha ag an dalta féin dó féin, nó is féidir go ndéanfaí feitheoireacht ar an chógas a thugtar nó is féidir leis an tríú páirtí é a thabhairt. Is iad na cásanna is mó a thugann dúshlán na scoile ná iad siúd atá ar chógas fadtéarma agus an páiste a mbíonn druga de dhíth air i gcás práinne.

1.1.4 Tá sé riachtanach go n-aontaítear polasaithe agus go dtuigeann gach páirtí na freagrachtaí: na fostaithe, Bord na nGobharnóirí, Príomhoidí, múinteoirí, daltaí, cúntóirí ranga agus baill foirne eile ábharacha.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 2: CEISTEANNA GINEARÁLTA

1.2.1 Baineann an Roinn seo le réimse ceisteanna a bhaineann, a bheag nó a mhór, le gach catagóir – dualgas reachtúil; slánaíocht; rúndacht; riachtanais speisialta oideachais; bainistiú riosca; agus déileáil le géarchéimeanna (freagracht).

Dualgas Dlíthiiúil

1.2.2 Ní gá, ó thaobh conartha de, do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus múinteoirí cógas a thabhairt do dhaltaí. Is ról deonach é seo, cé go bhfostaítear roinnt ball foirne nach mbíonn ag teagasc ar bhonn conartha agus ar cuid riachtanach den chonradh é go ndéanann siad roinnt gnáthamh míochaine. Bíonn tacaíocht ón Phríomhoide agus ó thuismitheoirí de dhíth ar bhaill foirne a chuidíonn le daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu, chomh maith le fáil ar eolas agus oiliúint, agus deimhneacht maidir lena ndliteanas dlíthiúil.

Polasaí Slánaíochta

1.2.3 Má thugann ball foirne cógas do dhalta nó má dhéanann sé gnáthamh míochaine ar dhalta agus, dá bharr, má éiríonn costas, dliteanas, caillteanas nó imeachtaí dlí dá bharr, beidh slánaíocht ar fáil don bhall foirne ón fhostóir a fhad is go mbaineann na coinníollacha seo ar fad leis:

(a) Is fostaí díreach é an ball foirne.

(b) Tugann ball foirne an cógas nó an gnáthamh míochaine le linn nó coimhdeach dá bhfostaíocht.

(c) Leanann an ball foirne:

- na gnáthaimh a leagtar síos sa treoir seo;
- polasaí na scoile;
- na gnáthaimh a imlínítear i bPlean Cógas Leighis an dalta féin, nó cead scríofa ó thuismitheoirí agus treoracha a tugadh le linn oiliúna maidir leis na gnáthaimh chuí.

(d) Ach amháin i gcás an Nóta thíos, ní bhaineann costas, dliteanas, callteanas, éileamh nó imeachtaí go díreach nó go hindíreach le, nó ní éiríonn siad as, calaois, caimiléireacht nó cion coiriúil atá déanta ag an bhall foirne.

Nóta: Ní bhaineann coinníoll (d) i gcás gur cion coiriúil é faoi reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

Rúndacht

1.2.4 Ba cheart caitheamh le gach dalta mar dhuine aonair. Nuair a bhíonn gá le cógas i rith an lá scoile, ba cheart go dtabharfadh tuismitheoirí gach eolas don scoil maidir le riachtanais an pháiste agus ba cheart iad a spreagadh chun aon chomhairle ón dochtúir, ón lia comhairleach nó ón altra le cinntiú gur féidir freastal éifeachtach a dhéanamh ar na riachtanais. Ba cheart d'aon bhall foirne a thugann faoi deara go bhfuil meath ag teacht ar shláinte an dalta le linn tréimhse ama, é sin a chur in iúl don Phríomhoide, a inseoidh ansin do na tuismitheoirí.

1.2.5 Ba cheart don Phríomhoide agus do fhoireann oibre na scoile eolas leighis a choinneáil rúnda. Ba cheart don Phríomhoide fosta dul i gcomhairle leis an tuismitheoir nó leis an dalta, más cuí, maidir le cé eile ba cheart teacht bheith aige ar thaifid agus ar aon eolas eile a bhaineann le riachtanais leighis an dalta. Má choinnítear eolas ón fhoireann oibre níor cheart, de ghnáth, iad bheith freagrach i gcás nach dtugann siad an chóir leighis cuí, ach iad ag iarraidh díreach feidhmiú de mheon maith.

1.2.6 Ba cheart don Phríomhoide machnamh a dhéanamh ar an oiread eolais ba cheart bheith ag páistí eile i rang an dalta áirithe maidir leis an riocht ainsealach atá air. Is féidir leis bheith ina chuidiú ó thaobh oideachais de agus ó thaobh mothúchán de má bhíonn páistí eile eolach, mar shampla faoi dhiaibéiteas nó titimeas agus is féidir le daltaí eile sa rang a lán tacaíochta a thabhairt más eol gur féidir le dalta bheith, mar shampla, hipiglicéimeach. Ach uaireanta, áfach, déantar magadh faoi nó tromaíocht ar dhaltaí a bhfuil riocht leighis orthu. Tá sé tábhachtach nach nochtann scoil mionsonraithe faoi riocht páiste do pháistí eile gan cead ón tuismitheoir **agus** ón pháiste féin, más cuí. Má thugtar cead ba cheart é a láimhseáil a chúramaí agus is féidir.

Ag comhordú eolais

1.2.7 Má thairgeann múinteoirí cuidiú a thabhairt do dhalta aonair a bhfuil riachtanais leighis aige agus má aontaíonn an Príomhoide leis seo, is féidir leis bheith deacair eolas a chomhordú agus a roinnt, go háirithe in iarbhunscoileanna. Ba cheart go ndéanfadh an Príomhoide cinnneadh maidir le cé na baill foirne a mbeidh freagracht faoi leith acu don ról comhordaithe seo. Is féidir leis an "duine ainmnithe" seo bheith ar an chéad phointe teagmhála do thuismitheoirí agus don fhoireann oibre, agus is féidir leis teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha. Bheadh sé ina chuidiú dá bhfreastlódh baill foirne a bhfuil an ról seo acu ar oiliúint maidir le bainistiú cógas agus maidir le polasaithe a dhréachtú ar chógais.

Riachtanais Speisialta Oideachais

1.2.8 Ní gá go mbeadh riachtanais speisialta oideachais ar dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis acu. Ach dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déantar freastal ar a gcuid riachtanas sa treoir atá laistigh de Chód Cleachtas um Aithint agus Measúnú Riachtanas Speisialta Oideachais 1998 agus san fhorlíonadh ar an Chód a foilsíodh i Meán Fómhair 2005[2]. Faoi théarmaí Ordú Oideachais (Tuaisceart Eireann) 1996, caithfidh údarás Sláinte agus Cúram Sóisialta cuidiú a chur ar fáil don Bhord

[2] http://www.deni.gov.uk/index/7-special_educational_needs_pg/special_needs-codes_of_practice_pg.htm

Oideachais agus Leabharlainne i leith dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige. D'fhéadfadh riachtanais leighis bheith san áireamh anseo, má chuirtear an dalta sin i ngnáthscoil nó i scoil speisialta. Tá freagracht ar údaráis Sláinte agus Cúram Sóisialta chun comhairle agus oiliúint a chur ar oibrithe scoile maidir le modhanna oibre a fhreastlaíonn ar riachtanais leighis an dalta, agus dá bharr ba cheart go dtacódh sé sin le fáil an pháiste ar oideachas. Ba cheart go mbeadh Boird Oideachais agus Leabharlainne, údaráis Sláinte agus Chúram Sóisialta agus scoileanna ag obair lena chéile agus as lámh a chéile leis na tuismitheoirí chun tacaíocht d'ardchaighdeán ar scoil a chinntiú do riachtanais leighis daltaí.

Bainistiú Riosca

1.2.9 Ba cheart aon bhaol a d'éireodh as riocht leighis agus riachtanais leighis a chur san áireamh nuair a bhítear ag déileáil leo agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ann an dóchúlacht a íoslaghdú go dtarlódh aon rud níos tromchúisí don pháiste. Ba chóir gníomhú le deiseanna a bharrfheabhsú chun baol a íoslaghdú.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 3: CÓGAS LEIGHIS I SCOILEANNA: FEIDHMEANNA AGUS FREAGRACHTAÍ

Ba cheart béim a leagan ar an bhonn deonach atá faoi ról múinteoirí, Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí. Sa Roinn seo, áfach, tá sainmhíniú ar na rólanna agus ar na freagrachtaí a bhíonn ar an fhoireann oibre a thairgeann cuidiú maidir le cógas a thabhairt do dhaltaí cuí.

1.3.1 Tá sé tábhachtach go ndéantar sainmhíniú soiléir ar an fhreagracht maidir le sláinte agus sábháilteacht daltaí agus go bhfuil gach duine a bhfuil baint aige le daltaí a dteastaíonn cógas uathu eolach ar a bhfuil le déanamh acu. Tá cur chuige ar bhonn páirtnéireachtaí idir scoileanna, tuismitheoirí, daoine gairmiúla sláinte agus gníomhaíochtaí eile tábhachtach chun timpeallacht a bhfuil tacaíocht inti a sholáthar do dhaltaí a bhfuil na riachtanais seo acu sa dóigh is go gcuidíonn sé leo páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile.

Tuismitheoirí agus Iad Siúd a bhfuil Freagracht Tuismitheoirí orthu

1.3.2 Is iad na tuismitheoirí, faoi mar a dhéantar sainmhíniú orthu in Ordú Oideachais agus Leabharlainne (TÉ) 1986, mar a leasaíodh é in Ordú Páistí (TÉ) 1995, príomhchúramóirí páistí. Is í freagracht na dtuismitheoirí iad agus freagracht iad siúd a bhfuil freagracht tuismitheoirí orthu cógas a thabhairt. Is féidir dáileogacht cuid mhór cógas a shocrú sa dóigh is gur féidir cógas a thabhairt do pháistí roimh nó i ndiaidh na scoile – ní le linn lá scoile – nuair is féidir. Nuair nach féidir seo a dhéanamh, áfach, b'fhéidir go bhféadfadh daltaí cógas a thabhairt dóibh féin. Má bhíonn deacracht leis seo ansin is féidir iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach cuí leis na tuismitheoirí agus leis an dochtúir a d'ordaigh an t-oideas. [3]

1.3.3 Tá freagracht ar thuismitheoirí:

[3] For further information see DE Circular 1999/17 Parental Responsibility: Guidance for Schools

- cinntiú go bhfuil a bpáiste maith go leor le freastal ar scoil. Is é dochtúir an pháiste féin an duine is fearr ábalta comhairle a thabhairt maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an páiste ceart go leor le bheith ar scoil agus is faoi na tuismitheoirí atá sé comhairle den chineál sin a lorg agus a fháil de réir mar is gá;

- an scoil a chur ar an eolas má bhíonn cógas óna bpáiste;

- teacht ar chomhaontú leis an Phríomhoide maidir le ról na scoile ó thaobh cuidiú le cógas a bpáiste;

- an bhunchóip d'fhianaise scríofa leighis a sholáthar don Phríomhoide maidir le riocht leighis a bpáiste agus maidir le haon chóir leighis nó cúram speisialta atá de dhíth ar scoil;

- treoracha scríofa a sholáthar don Phríomhoide agus comhaontú scríofa a dhéanamh, agus tá sé riachtanach go dtabharfaí mionsonraithe ann faoin dáileogacht agus faoin uair a bhfuil an cógas le tabhairt ;

- cinntiú go n-insítear láithreach faoi aon athrú sa chógas leighis nó sa riocht sláinte;

- go leor den chógas a sholáthar agus cinntiú go mbíonn an lipéad ceart air;

- cógas a bpáiste nach n-úsáidtear a dhiúscairt; agus

- ceart scríofa a thabhairt don dalta chun an cógas bheith ina sheilbh.

1.3.4 B'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag roinnt tuismitheoirí riocht sláinte a bpáiste féin a thuigbheáil nó cuidiú leis iad féin. Is minic gur féidir le Seirbhís Sláinte na Scoile breis cuidithe a thabhairt i gcásanna den chineál seo.

An Fostóir

1.3.5 I dTuaisceart Éireann is é an Bord Oideachais agus Leabharlainne cuí údarás fostaithe múinteoirí agus lucht foirne eile i scoileanna rialaithe. Is é Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CSCC) údarás fostaithe na múinteoirí i scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil. Is é Bord na nGobharnóirí an fostóir i scoileanna deonacha gramadaí agus i scoileanna faoi chothabháil imeasctha. I roinnt scoileanna neamhspleácha is é an fostóir nó na hIontaobhaithe an dílseánach.

1.3.6 Beidh tacaíocht iomlán an fhostóra ag lucht foirne scoile a thugann fúthu, ar bhonn deonach, cógas pearsanta nó ionrach a thabhairt le linn a gcuid dualgas a fhad is go leanann siad na treoirlínte agus an oiliúint a tugadh dóibh go docht. Tá an fostóir faoi dhliteanas maidir le haon ghníomh contráilte a dhéanann a chuid fostaithe má dhéantar sin le linn a chuid fostaíochta.

1.3.7 Tá freagracht ar an fhostóir a chinntiú:

- go mbíonn polasaí ag an scoil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu agus bainistiú a dhéanamh ar an chógas;

- go gclúdaíonn socruithe árachais na scoile baill foirne go hiomlán laistigh de réimse a gcuid fostaíochta;

- go mbíonn gach ball foirne soiléir, ag gach leibhéal, maidir leis na freagrachtaí dleathacha atá orthu, (san áireamh anseo tá na cásanna nuair nach bhfuil aon fhreagracht dhleathach ar bhaill foirne chun cógas leighis a thabhairt ar scoil); réimse an chlúdaigh árachais a thugtar do bhaill foirne a fheidhmíonn laistigh dá gcuid fostaíochta; an clúdach atá ann do bhaill foirne a thugann tacaíocht leighis speisialta agus an áit a bhfuil an dliteanas i gcás go mbeadh caingean dlí ann;

- go mbíonn na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm;

- go gcoinnítear taifead cruinn sa scoil ; agus

- go gcuirtear an oiliúint cheart ar bhaill foirne a dheonann nó a fhostaítear ar mhaithe le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu chun tacú le dalta a bhfuil riachtanais sláinte acu.

Tá freagracht ar an fhostóir, ní ar an fhostaí, i gcás go nbeadh caingean dlí ann maidir le líomhain faillí.

Bord na nGobharnóirí

1.3.8 Cuireann an tOrdú um Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 2003 dualgas ar Bhord Gobharnóirí scoil deontaschúnta chun leas daltaí cláraithe a chosaint agus a chur chun cinn gach uair a mbíonn na daltaí seo:

(a) ar láthair na scoile; nó

(b) faoi smacht nó faoi chúram dleathach ball foirne na scoile.

1.3.9 Tá freagracht ghinearálta ag Bord na nGobharnóirí:

- a chinntiú go bhforbraíonn an scoil a cuid polasaithe féin chun riachtanais na scoile a chlúdach;

- gach ceann de pholasaithe na scoile a dhaingniú;

- na polasaithe agus na gnáthaimh sláinte agus sábháilteachta a dhéanann na Boird Oideachais agus Leabharlainne agus CSCC a leanstan agus

- tuairimí an Phríomhoide, ball foirne agus tuismitheoirí a chur san áireamh nuair atáthar ag forbairt polasaí maidir le cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu.

An Príomhoide

1.3.10 Is ar an Phríomhoide go hiondúil a bheidh sé cinntí a dhéanamh ó lá go lá maidir le tacaíocht do dhaltaí a bhfuil riachtanais leighis acu. Nuair a iarrann tuismitheoirí go dtabharfaí cógas dá bpáiste ar scoil bítear ag súil leis go ndéanfaidh an Príomhoide gach aon chás a láimhseáil ar bhonn báúil agus ar a bhfiúntas. Má bhíonn Ráiteas Riachtanas Speisialta ag dalta, ba cheart go mbeadh na modhanna oibre imlínithe ar an Ráiteas chomh maith leis an tacaíocht agus an oiliúint is gá de réir mar atá leagtha síos sa chomhairle leighis chuí

1.3.11 I gcás go mbíonn imní ann an amhlaidh gur féidir leis an scoil freastal ar riachtanais leighis dalta nó má shíltear go bhfuil gach a mbíonn na tuismitheoirí ag dúil leis míréasúnta ba cheart don Phríomhoide comhairle a lorg ó Sheirbhís Sláinte na Scoile nó ón Oifigeach Ainmnithe Leighis. Ag brath ar an eolas a thugtar tabharfaidh an Príomhoide comhairle do thuismitheoirí páiste a bhfuil riachtanais leighis aige maidir leis an chineál tacaíochta a chuirfidh an scoil ar fáil.

1.3.12 Tá an Príomhoide freagrach as:

- cur i bhfeidhm an pholasaí maidir le riarachán cógas agus is eisean, mar sin, an príomhdhuine atá freagrach as tabhairt an chógais ar scoil agus as gnáthaimh mhionsonraithe riaracháin a fhorbairt chun freastal ar riachtanais leighis na ndaltaí;

- bheith cinnte de go mbíonn gach tuismitheoir eolach ar pholasaí na scoile agus ar ghnáthaimh chun déileáil le riachtanais leighis agus cur chuige na scoile i leith daltaí ar gá dóibh cógas a ghlacadh ar scoil;

- caitheamh go báúil le gach iarratas ó thuismitheoirí go dtabharfaí cógas dá bpáiste ar scoil;

- bheith cinnte go gcaithtear go measúil le dearcaidh chultúrtha agus chreidimh tuismitheoirí;

- bheith cinnte go mbíonn an fhoireann oibre ar fad eolach ar pholasaí agus ar ghnáthaimh;

- ról an chomhordaitheora a thabhairt do dhuine ‘aitheanta’ faoi mar a dhéantar cur síos air in Alt 1.2.7;

- bheith cinnte go mbíonn gach ball foirne a bhíonn i dteagmháil leis an dalta ar an eolas maidir le:

    - míochaine an pháiste;

    - cad é an dóigh le cuidiú chun freastal ar a riachtanais sa seomra ranga;

    - cibé gnáthamh a bhaineann le freastal ar ghéarchéim a d’fhéadfadh titim amach de bharr an reachta míochaine sin;

agus

. tacaíocht, comhairle agus oiliúint chuí a thabhairt nuair is gá;

. bheith cinnte go gcoinnítear gach cógas leighis go slán sábháilte in áit faoi leith

. socrú a dhéanamh go mbeadh clúdach ann do bhaill foirne le linn do chógas bheith á ullmhú nó á thabhairt chun aon chur isteach a sheachaint le linn dó seo bheith ar siúl;

. bheith cinnte go gcoinnítear taifead cruinn. Moltar go mbíonn socruithe monatóireachta i bhfeidhm le bheith dearfach de go leantar treoirlínte;

. bheith cinnte go mbíonn múinteoirí taca nó daoine gairmiúla eile a bhíonn istigh ar cuairt ar an eolas faoi riachtanais cógas daltaí aonaracha agus faoin dóigh a ndéantar freastal orthu;

. socrú go ndéanfar clúdach taca i gcás nuair a bhíonn ba(i)ll foirne a, bhíonn freagrach de ghnáth as leigheas a thabhairt do dhalta as láthair nó gan bheith ar fáil;

. bheith cinnte go mbíonn socrúchán, nuair a shocraíonn iarbhunscoil taithí oibre, fóirsteanach do dhalta a bhfuil riocht áirithe leighis air agus ag spreagadh na ndaltaí seo chun eolas cuí leighis a roinnt le fostaithe;[4] agus

. bheith ag iarraidh ar fhostóir daingniú scríofa de chlúdach árachais do bhaill foirne a thugann saintacaíocht leighis a chur ar fáil.

Múinteoirí agus Oibrithe Eile Scoile

1.3.13 Tá sé intuigthe go mbeadh roinnt ball foirne buartha faoina gcumas chun tacaíocht a thabhairt do dhalta a bhfuil riocht míochaine air, go háirithe má tá baol an bháis ann. Ná cuir san áireamh, nuair a thagraítear don ról atá acu ó thaobh leas na ndaltaí de agus coinníollacha fostaíochta na múinteoirí, cógas a thabhairt do dhalta nó feitheoireacht a dhéanamh ar dhalta a ghlacann cógas cé gur **féidir** le baill foirne seo a dhéanamh go deonach. Caithfear an bhéim a chur air arís nach bhfuil aon dualgas dleathach ann a chuireann iachall ar bhaill foirne scoile cógas a thabhairt. San áit a mbíonn baill foirne ann nach mbíonn ag teagasc ba cheart go mbeadh na fostóirí sásta go bhfuil na socruithe atá i bhfeidhm maidir leis na baill seo ag tabhairt cógas i scoileanna ag teacht lena gcomhairle dhleathach féin ar an ábhar seo.

1.3.14 Tá múinteoirí chomh maith le hoibrithe eile scoile a thoileann cógas a thabhairt nó feitheoireacht a dhéanamh air freagrach as:

[4] Guidance on organising work experience is available from each Education and Library Board, and from the Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA).

- tuiscint a bheith acu ar chineál reachta míochaine an dalta agus fios a bheith acu cén uair agus cén áit a d'fhéadfadh breis cúraim bheith de dhíth ar an dalta;

- bheith feasach faoin seans go n-éireodh práinn as agus an beart ba cheart a ghlacadh sa chás seo;

- páirt a ghlacadh in oiliúint chuí agus bheith feasach faoi na seachthorthaí a d'fhéadfadh éirí as, de bharr an chógais, agus cad é ba cheart a dhéanamh má tharlaíonn a leithéid; agus

- feitheoireacht a dhéanamh ar dhalta a thugann cógas dó féin, más gá seo.

1.3.15 Amanna áirithe i rith lá scoile d'fhéadfadh baill foirne eile bheith freagrach as daltaí, ar nós cúntóirí clós scoile. Tá sé tábhachtach go dtugtar an chomhairle chuí dóibh agus go gcuirtear an oiliúint cheart orthu. Tá sampla den dearbhú go bhfuil aon oiliúint is gá déanta acu san fhoirm AM6.

Seirbhís Sláinte Scoile

1.3.16 Tá sé d'aidhm ag Córas Sláinte na Scoile sláinte fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach gach páiste agus duine óig a chur chun cinn agus iad ar scoil. Cuideoidh na seirbhísí a thairgtear chun fadhbanna sláinte agus forbartha a aithint agus cuideoidh sé leis an bheart cuí a dhéanamh dá réir.

1.3.17 Tá Seirbhís Sláinte Scoile ar fáil do gach scoil cé nach n-úsáideann gach scoie an tseirbhís. Is iad príomh-bhaill na foirne dochtúir na scoile agus altra na scoile agus mar chuid den tseirbhís sláinte tá siadsan in ann teagmháil a dhéanamh agus oibriú lena gcomhghleacaithe san ospidéal chomh maith le péidiatraithe comhairleacha pobal, altraí, teiripeoirí srl ó na hIontaobhais Shláinte agus Chúraim Shóislalaigh (SCS).

1.3.18 Tá Seirbhís Sláinte na Scoile freagrach as réimse leathan seirbhísí a sholáthar do scoileanna, ina measc siúd tá; scagadh sláinte na ndaltaí; imdhionadh; comhairle scríofa a thabhairt don fhoireann teagaisc ar chúrsaí a bhaineann le sláinte páistí; chomh maith le comhairle leighis um oideachas speisialta i gcás a mbíonn riachtanais speislalta oideachais ar pháiste (riachtanais leighis san áireamh); agus eolas faoi ghníomhaíochtaí a chuireann sláinte chun cinn.

Dochtúir na Scoile

1.3.19 Tá sainfhreagracht ar dhochtúir na scoile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, chomh maith le freagracht a bheith aige do shláinte gach páiste ag aois scoile. Is fúthu atá sé comhairle a chur agus tuairisc a thabhairt ar shainriachtanais speisialta leighis páistí agus ar an tionchar a bheidh ag an tinneas ar a gcuid oideachais chomh maith le hiarracht a dhéanamh seo a laghdú. Tá dualgas rúndachta ann idir an dochtúir

agus an páiste agus/nó tuismitheoirí an pháiste, agus mar sin de tá cead de dhíth sular féidir eolas leighis a roinnt le gairmithe eile.

1.3.20 I bhformhór na gceantracha clúdaíonn dochtúir na scoile roinnt scoileanna, an líon acu seo ag brath ar acmhainní gach Iontaobhais Shláinte agus Chúraim Shóisialaigh. Oibríonn siad go dlúth le haltra scoile gach aon scoile. Beidh an Dochtúir Sinsearach Scoile i ngach Iontaobhas ina Dhochtúir Ainmnithe a bhfuil an fhreagracht air teagmháil a dhéanamh leis an Bhord Oideachais agus Leabharlainne, go háirithe maidir le páistí a bhfuil Ráiteas Riachtanas Speisialta Oideachais acu.

Reachtálann na dochtúirí clinicí faoin leith laistigh de shuíomh an phobail m.sh. éisteolaíocht, fualrith, NHEA srl. chomh maith leis ionchur díreach bheith aige sna scoileanna. Oibríonn Teiripeoirí, Oftailmeolaithe agus Péidiatraithe Comhairleacha Pobal sna clinicí pobal seo, rud a éascaíonn an chumarsáid.

Altra na Scoile

1.3.22 Fostaíonn an Iontaobhas áitiúil Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Altra na Scoile agus is minic é bheith lonnaithe laistigh de chlinic nó ionad sláinte. Bíonn ról difriúil aige ó rólanna na n-altraí a dhéanann roinnt scoileanna a fhostú go díreach (chun ról 'mátrúin' nó altra eile scoilbhunaithe a chomhlíonadh). I roinnt cásanna fostaíonn na hIontaobhais SCS altraí atá lonnaithe laistigh de Scoileanna Speisialta. Soláthraíonn gach Altra Scoile seirbhís do roinnt scoileanna ar fud an bhunoideachais agus an oideachais dara leibhéil. Is altraithe cláraithe iad, agus bíonn níos mó agus níos mó acu cáilithe anois le Céim BSC in Altracht Scoile. Bíonn cáilíochtaí breise ag cuid eile chomh maith le saineolas i réimse leathan ábhar, m.sh. cur chun cinn sláinte nó bainistiú plúchta.

1.3.23 Is minic gurb í Altra na Scoile an chéad phointe teagmhála idir an scoil agus na seirbhísí sláinte. Bíonn sé/sí ag déanamh maoirseachta ar riachtanais sláinte páistí ar scoil trí bheith ag obair go dlúth le páistí agus daoine óga, lena gclann agus le comhghleacaithe scoile agus sláinte. Tá ról an-leathan ag Altra na Scoile, ina measc cur chun cinn sláinte laistigh de dhaonra na scoile agus faire ar shláinte chomh maith le vacsaíniú grúpaí móra daltaí agus riachtanais sláinte páistí aonaracha a aithint fosta. Is minic a dhéanann altra na scoile maoirseoireacht ar chur le chéile Pleananna Aonair Leighis leis an dóigh is fearr ar féidir freastal ar riachtanais sláinte dalta a aithint laistigh de thimpeallacht na scoile. Leis seo a dhéanamh bíonn comhoibriú de dhíth idir an dalta agus an teaghlach, an altra agus an scoil. Is féidir leis/léi eolas a chur ar fáil ar réimse d'ábhair sláinte agus d'fhéadfadh sé/sí bheith ag comhordú clár oiliúna.

1.3.24 Faigheann roinnt páistí a bhfuil riachtanais fhadtéarma leighis acu tacaíocht ó altraí pobal páistí/sainaltraí m.sh. Sainaltra Diaibéitis, Sainaltra Titimis. D'fhéadfadh altrai den chineál seo saineolas breise altrachta a thabhairt don pháiste agus don teaghlach. Is minic gurb iadsan an príomhphointe teagmhála, ó thaobh seirbhísí leighis de, don pháiste. Is minic a oibríonn altra pobal na bpáistí agus altra na scoile lena chéile chun an Plean Leighis a chur le chéile agus chun an t-eolas agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun cuidiú le scoileanna freastal ar shainriachtanais sláinte an pháiste. Is é altra na scoile, áfach, an pointe bunaidh teagmhála don scoil.

An Dochtúir Teaghlaigh

1.3.25 Is conraitheoir neamhspleách leighis é an Dochtúir Teaghlaigh a sholáthraíonn seirbhísí do na hothair aonair atá ar a liosta de réir mar atá sa chonradh leis an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Ní bhíonn aon chaidreamh díreach aige le scoileanna. I roinnt cásanna b'fhéidir go n-aontódh tuismitheoirí go gcuirfeadh Dochtúirí Teaghlaigh comhairle ar mhúinteoirí go díreach maidir le riocht páiste. I gcásanna eile b'fhéidir go ndéanfadh Dochtúirí Teaghaigh seo trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhís Sláinte na Scoile. Ní gá go gcuirfeadh Dochtúirí Teaghlaigh an t-eolas seo ar fáil faoi pháistí aonair do scoileanna.

1.3.26 Ba cheart go ndéanfadh Seirbhís Sláinte na Scoile, Boird Oideachais agus Leabharlainne agus Boird Gobharnóirí Scoile comhobair le díth a mheas agus le pleanáil agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar éifeachtach áitiúil laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

An Péidiatraí Comhairleach Pobal

1.3.27 Is saindochtúir é an Péidiatraí Comhairleach Pobail a bhfuil suim faoi leith aige i míchumas, i dtinneas ainsealach agus sa tionchar a bhíonn ag drochshláinte ar pháistí. Is féidir go dtabharfadh sé comhairle don scoil maidir le páistí aonair nó maidir le Pleananna Aonair Leighis a scríobh nó ar fhadhbanna sláinte go ginearálta.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 4: AG FORBAIRT POLASAITHE AGUS MODHANNA OIBRE CHUN TACÚ LE DALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS LEIGHIS ACU

Ag tabhairt isteach Polasaí

1.4.1 Má bhíonn polasaí soiléir ann, a thuigeann agus a n-aontaíonn baill foirne, tuismitheoirí agus daltaí leis, leagann seo dúshraith mhaith le cinntiú go bhfaigheann páistí a bhfuil riachtanais leighis ghearrthéarma agus fadtéarma acu an cúram agus an tacaíocht cheart ar scoil. Chomh fada agus is féidir é, ba cheart go dtabharfadh na polasaithe treoir a chuideodh le freastal rialta ar pháistí a bhfuil riachatanais leighis acu. Ba cheart go dtacódh córais agus gnáthaimh fhoirmeálta, a tarraingnítear i gcomhar le tuismitheoirí, le lucht foirne oideachais agus sláinte, leis an pholasaí a chur i bhfeidhm,

1.4.2 Caithfidh polasaí bheith soiléir do gach ball foirne, tuismitheoir agus dalta. D'fhéadfadh sé bheith úsáideach don scoil an polasaí cógas bheith san áireamh sa réamheolaire nó in aon eolas eile a thugtar do thuismitheoirí.

1.4.3 I bpolasaí scoile caithfear tagairt bheith ann maidir le cé acu an nglacann an Príomhoide leis an fhreagracht, i bprionsabal, do fhoireann na scoile a thugann cógas do pháistí nó a dhéanann feitheoireacht ar pháistí a ghlacann cógas ar oideas i rith an lá scoile agus, má ghlactar leis an fhreagracht sin caithfear na nithe seo a leanas a chlúdach ann:

- na cúinsí inar féidir le páistí cógas nach bhfuil ar oideas a ghlacadh m.sh. pianmhúcháin (anailgéisigh);
- polasaí na scoile maidir le cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais leighis fhadtéarma nó chasta acu;
- an gá le comhaontú scríofa bheith ann roimh ré ó thuismitheoirí nó caomhnóirí do chogas ar bith, ar oideas nó gan bheith ar oideas, a thabhairt don pháiste
- na cúinsí inar féidir le páistí a gcógas a iompar agus a thógáil iad féin;
- an beart atá le déanamh má dhiúltaíonn páiste cógas ar oideas a ghlacadh mar a aontaíodh leis na tuismitheoirí;
- oiliúint ball foirne chun déileáil le riachtanais leighis;
- ag coinneáil taifead;
- stóras sábháilte an chogas agus socruithe maidir le teacht ar an chogas;
- teacht ar ghnáthaimh na scoile i gcás éigeandála; agus
- gnáthaimh chun déileáil le daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu agus gan iad ar láthair na scoile.

1.4.4 Ba cheart go mbeadh sé soiléir sa pholasaí gur chóir do thuismitheoirí a gcuid páistí a choinneáil sa bhaile má bhíonn siad an-tinn. Is féidir leis an Chomhairleoir áitiúil i gCosc Galar Teagmhálach, (CCGT), comhairle a thabhairt maidir leis na cúinsí nár cheart do dhaltaí a bhfuil galar teagmhálach acu bheith ar scoil agus an beart ba cheart a dhéanamh i ndiaidh do ghalar teagmhálach briseadh amach.

Monatóireacht agus Measúnú

1.4.5 Ba cheart nósanna imeachta agus prótacail bheith curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar monatóireacht agus measúnú ar gach gné den pholasaí maidir lena chuid aidhmeanna agus cuspóirí. Is gá machnamh a dhéanamh ar a leithéid seo a leanas:

- athbhreithniú tréimhsiúil ar an pholasaí chun athfhéachaint a dhéanamh ar athruithe i gcúinsí chomh maith le nósanna in úsáid drugaí
- forbairt ar na critéir le measúnú a dhéanamh ar rath an pholasaí agus á chur i bhfeidhm; agus
- an bhaint a bhíonn ag na baill chuí de phobal na scoile maidir le héifeacht an pholasaí a mheas agus a athbhreithniú.

1.4.6 Tá eiseamláir de pholasaí ann i gCuid 1 Roinn 5.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 5: EISEAMLÁIR DE PHOLASAÍ MAIDIR LE CÓGAS A THABHAIRT AR SCOIL

1.5.1 Is mian le Bord na nGobharnóirí agus baill foirne (ainm na scoile) a chinntiú go dtugtar an cúram agus an tacaíocht chuí do dhaltaí ag an scoil a bhfuil riachtanais leighis acu. Glacann an Príomhoide freagracht, i bprionsabal, do bhaill de fhoireann na scoile a thugann cógas nó a dhéanann feitheoireacht ar chogas i rith an lá scoile **nuair a dheonaigh na baill foirne é sin a dhéanamh.**

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur cheart do thuismitheoirí a gcuid páistí a choinneáil sa bhaile má bhíonn siad an-tinn nó má bhíonn galar tógálach orthu.

1.5.2 Tá freagracht ar thuismitheoirí eolas cuimsitheach a thabhairt don Phríomhoide maidir le riocht sláinte an dalta agus a chuid cógas.

1.5.3 Ní ghlacfar le cógas ar oideas sa scoil gan treoracha iomlána scríofa agus sínithe ag an tuismitheoir.

1.5.4 Ní thabharfaidh baill foirne cógas nach bhfuil ordaithe/ar oideas do pháiste ach amháin má tá cead soiléir ann roimh ré, i bhfoirm scríbhinne, ó na tuismitheoirí.

1.5.5 Níor cheart ach méid réasúnta cógais a sholáthar don scoil (mar shample, soláthar de cheithre seachtaine ar a mhéad ag aon am amháin).

1.5.6 Má bhíonn dalta ag taisteal ar scoil ar chóras iompair scoile le coimhdeacht, ba cheart do thuismitheoirí a chinntiú go mbíonn treoracha scríofa ag an choimhdeacht maidir le haon chógas a chuirtear leis an dalta, san áireamh anseo tá aon chógas atá le tabhairt le linn cúraim faoisimh.

1.5.7 Caithfidh an tuismitheoir, i ngnáthimthosca, gach aon chógas a sheachadadh chuig an Phríomhoide nó chuig Duine Údaraithe, **i gcoimeádán atá daingean agus lipéad air mar a rinneadh é a fhodháileadh ar an chéad dul síos.** Caithfear lipéad soiléir bheith ar gach aon chógas agus an t-eolas seo a leanas air:

- Ainm an Dalta.
- Ainm an Chógais Leighis.
- Dáileogacht.
- Cé chomh minic agus a thugtar é.
- Dáta a dháilte.
- Riachtanais Stórála (má tá seo tábhachtach).
- Dáta éaga.

Ní ghlacfaidh an scoile le cógas atá i gcoimeádáin gan lipéad.

1.5.8 Ba cheart cógas a choinneáil in áit shábháilte, gan teacht ag daltaí air. Ach amháin má luaitear a mhalairt coinneofar gach cógas atá le tabhairt ar scoil faoi ghlas i gcófra cógais.

1.5.9 Coinneoidh an scoil taifead agus beidh sé seo ar fáil do thuismitheoirí.

1.5.10 Má dhiúltaíonn páistí cógas a ghlacadh, ní chuirfidh baill foirne iallach orthu é a ghlacadh, agus inseoidh siad do na tuismitheoirí gur diúltaíodh é a ghlacadh an lá céanna, ar bhonn práinne. Má éiríonn cás éigeandála as dalta a dhiúltaíonn cógas a ghlacadh, leanfar le nósanna imeachta na scoile i gcás éigeandála.

1.5.11 Is í freagracht na dtuismitheoirí é a chur in iúl don scoil i bhfoirm scríbhinne muna bhfuil gá ag an pháiste don chógas níos mó.

1.5.12 Is í freagracth na dtuismitheoirí é cógas a athnuachan nuair a bhíonn an stoc ag éiri íseal agus a chinntiú go mbíonn an cógas a thugtar laistigh den dáta éaga.

1.5.12 Ní dhéanfaidh an scoil aon athrú ar dháileogachtaí atá ar threoracha tuismitheoirí.

1.5.13 Ní dhiúscróidh baill foirne na scoile aon chógas. Ba cheart do thuismitheoir cógais atá in úsáid agus i ndáta a bhailiú ag deireadh gach téarma.Tabharfar ar ais don tuismitheoir láithreach cógais a bhíonn tar éis an dáta éaga nó cógais nach mbíonn de dhíth níos mó mar chóir leighis le haistriú go poitigéir pobail chun iad a dhiúscairt go sábháilte.

1.5.14 Déanfaidh an Príomhoide cinnte de go mbíonn Plean Cógais Leighis agus Prótacal dréachtaithe, i gcomhar leis na gairmithe cuí leighis.

1.5.15 Spreagfar na daltaí chun a gcógas féin a thabhairt dóibh féin, nuair is cuí sin a dhéanamh, faoi fheitheoireacht bhall foirne más gá. Iarrfar ar thuismitheoirí dearbhú a thabhairt i bhfoirm scríbhinne más mian leo go n-iompródh a bpáiste a gcógas leo ar scoil.

1.5.16 Gheobhaidh baill foirne a dheonaíonn cuidiú chun cógas a thabhairt an oiliúint agus an treoir chuí trí shocruithe a dhéantar le Seirbhís Sláinte na Scoile.

1.5.17 Déanfaidh an scoil gach iarracht chun coinneáil ar aghaidh ag tabhairt cógas ldo dhalta nuair a bhítear ar thurais lasmuigh de láthair na scoile, fiú más gá socruithe breise a dhéanamh. D'fhéadfadh amanna bheith ann, áfach, nuair nach féidir dalta bheith san áireamh ar thuras scoile munar féidir bheith cinnte go mbeidh an fheitheoireacht chuí ann.

1.5.18 Beidh gach ball foirne ar an eolas maidir leis na gnáthaimh atá le leanúint i gcás éigeandála.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 6: AG DÉILEÁIL LE CÓGAS LEIGHIS GO SÁBHÁILTE

Bainistiú Sábháilteachta

1.6.1 Is féidir le gach cógas bheith díobhálach do dhuine nach bhfuil siad orduithe dó. Nuair a aontaíonn scoil an cineál seo cógais a thabhairt **caithfidh** an fostóir a chinntiú go gcuirtear smacht ceart ar an bhaol a bhíonn ann do shláinte dhaoine eile. Éiríonn an dualgas seo as Rialú ar Shubstaintí Contúirteach do Rialacháin Sláinte 2002, (RSCRS).

1.6.2 Cuireann Acht na gCógas 1968 srian ar ghnásanna déileála le táirgí míochaineacha, á riaradh san áireamh. I gcás cógas ar oideas amháin caithfidh aon duine a thugann táirge míochaineach trí instealladh amháin bheith ina dhochtúir ginearálta cuí, m.sh. dochtúir, nó caithfidh sé/sí gníomhú de réir threoracha agus údarás an dochtúra.

1.6.3 Tá eisceachtaí ann maidir le roinnt cógas áirithe ar oideas amháin a thabhairt (chun beatha a shábháil). Sampla den eisceacht seo is ea instealladh le steallaire cóimeáilte go hiomlán agus snáthaid a thugann dáileogacht shocraithe aidréanailín trí instealladh ionmhatánach má bhíonn turraing anaifiolachtach ag duine. EpiPen® agus Anapen is ea samplaí díobh seo. Tá leaganacha sóisearacha dóibh seo ann do pháistí.

Ag Stóráil Cógas Leighis

1.6.4 Tá freagracht ar an Phríomhoide a chinntiú go gcoinnítear cógais go sábháilte i scoil inar dheonaigh baill foirne cógas a thabhairt agus ar aontaigh an Príomhoide leis seo.

1.6.5 Níor cheart go mbeadh stóras mór cógas ag scoileanna. Ba cheart soláthar seachtaine nó míosa den dáileogacht atá le glacadh ar scoil a iarraidh ar thuismitheoirí. Ba cheart don scoil na cógais leighis atá ordaithe don pháiste aonair, agus na cógais seo amháin, a stóráil, a mhaoirsiú agus a thabhairt. Ba cheart cógais a stóráil go díreach de réir threoracha an táirge, (ag tabhairt airde faoi leith don teocht), agus sa choimeádán bunaidh inar fodháileadh é. Ba cheart don fhoireann oibre a chinntiú go mbíonn lipéad soiléir ar an choimeádán agus ainm an pháiste air, ainm agus dáileogacht an chógais agus eolas faoin mhinicíocht a ghlactar é. Níor cheart go mbeadh sé seo casta má ghlactar le córais sa bhunchoimeádán amháin faoi mar a rinne an poitigéir é a fhodháileadh, de réir threoracha an té a d'ordaigh.

1.6.6 Nuair a bhíonn dhá nó níos mó de chógais ordaithe de dhíth ar dhalta, ba cheart gach ceann bheith i gcoimeádán ann féin. Níor cheart d'fhoireann oibre, nach baill oibre um chúram sláinte iad, cógais a aistriú óna gcoimeádáin bunaidh in am ar bith.

1.6.7 Má chuireann an scoil glas ar chógas arbh fhéidir bheith de dhíth ar dhalta i gcás práinne, ba cheart go mbeadh a fhios ag gach ball foirne cén áit is féidir leo teacht ar eochair don chófra cógas go gasta.

1.6.8 Ba cheart suntas cúramach a dhéanamh d'aon riachtanas maidir leis an teocht ar cheart don chóras bheith stóráilte. Bíonn cógais áirithe le coinneáil i gcuisneoir. Is féidir cógais a choinneáil i gcuisneoir ina mbíonn bia, ach ba cheart iad bheith i gcoimeádán aerdhíonach agus lipéad soiléir air. Má bhíonn ar an scoil méid mhór de chógais a stóráil ba cheart smaoineamh ar chuisneoir leighis, le glas air a fháil. Ba cheart don scoil srian a chur ar theacht ar chuisneoir ina stóráiltear cógais. Ba cheart go mbeadh teirmiméadar íosmhéid agus teirmiméadar uasmhéid istigh sa chuisneoir.

1.6.9 Is féidir go gcuirfeadh seirbhísí áitiúla agus pobal comhairle do scoileanna maidir le stóráil cógas.

Drugaí Rialaithe

1.6.10 Rialaíonn an tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, agus na rialúcháin a théann leis, soláthar, seilbh agus riarachán roinnt cógas. Is féidir cuid acu bheith ordaithe mar chógais a úsáideann páistí, m.sh. meitilfeanadáit.

1.6.11 Bíonn níos mó páistí ag glacadh meitilfeanadáit, m.sh. Ritalin, Equasym, Concerta, fá choinne Neamhord Hipir ghníomhaíochta Easnamh Airde (NHEA). Is drugaí rialaithe iad seo agus mar sin de caithfear bheith cúramach maidir leis an dóigh a ndéantar iad a stóráil.

1.6.12 Is féidir le haon bhall foirne druga rialaithe a thabhairt do dhalta a bhfuil sé ordaithe dó, a fhad is go bhfuil an oiliúint cheart acu. Ba cheart do bhaill foirne atá ag tabhairt cógais, seo a dhéanamh de réir threoracha an té a d'ordaigh.

1.6.13 Is féidir le dalta ar ordaíodh druga rialaithe dó é seo bheith ina sheilbh go dleathach. Tá cead ag scoileanna agus suímh aire a thabhairt do dhruga rialaithe, nuair a aontaítear go dtabharfar don pháiste ar ordaíodh dó é.

1.6.14 Ba cheart do scoileanna agus do shuímh drugaí rialaithe a choinneáil i gcoimeádán neamh-iniompartha faoi ghlas agus níor cheart teacht bheith air seo ach ag baill foirne ainmnithe. Ba cheart taifead a choinneáil ar mhaithe le hiniúchadh agus sábháilteacht.

1.6.15 Ba cheart druga rialaithe, mar an gcéanna le gach cógas, a thabhairt ar ais don tuismitheoir nuair nach bhfuil gá leis níos mó, le go socróidh siad diúscairt shábháilte (leis an soláthar nach gá a thabhairt ar ais don chógaslann áitiúil). Munar féidir seo a dhéanamh, ba cheart é a thabhairt ar ais don phoitigéir dailiúcháin (ba cheart na mionsonraithe seo bheith ar an lipéad).

1.6.16 Is coir é mí-úsáid druga rialaithe, is é sin é a thabhairt do dhalta eile le húsáid. Ba cheart polasaí bheith i bhfeidhm ag scoileanna chun déileáil le mí-úsáid drugaí..[5]

Teacht ar Chógas Leighis

1.6.17 Caithfidh daltaí bheith ábalta teacht ar a gcógas leighis nuair is gá. Ba cheart go mbeadh a fhios acu cá gcoinnítear a gcógas leighis féin agus cé aige a bhfuil an eochair.

[5] DE Circular 1996/16: Misuse of Drugs : Guidance for Schools

1.6.18 Caithfidh roinnt cógas, ar nós análóirí fá choinne plúchta, bheith ar fáil go furasta do dhaltaí agus níor cheart iad bheith faoi ghlas. Ceadaíonn cuid mhór scoileanna do dhaltaí a gcuid análóirí féin a iompar. Má tá seans ann go mbeidh frithghníomh géar ailléirgeach ag dalta, d'fhéadfadh an dalta bheith aosta go leor lena chógas féin a iompar (m.sh. EpiPen® / Anapen) ach muna bhfuil, ba cheart teacht ar áit oiriúnach, shábháilte ach inrochtana chun iad a stóráil. I gcoitinne, ba cheart cógais eile a choinneáil in áit shábháilte nach bhfuil teacht ag daltaí air. Tá breis mionsonraithe maidir le sainiochtanna i gCuid V.

1.6.19 Ba cheart don scoil socruithe speisialta inrochtana do chógas a choinníonn sé i gcás práinne. Tá sé tábhachtach fosta a chinntiú nach mbíonn cógais inrochtana ach dóibh siúd dár ordaíodh é.

1.6.20 Níor cheart do fhoireann na scoile cógais a dhiúscairt.

1.6.21 Ba cheart do thuismitheoir cógais atá in úsáid agus i ndáta a bhailiú ag deireadh gach téarma.

1.6.22 Is iad na tuismitheoirí atá freagrach as diúscairt cógas a bhfuil an dáta éaga orthu. Ba cheart cógais a bhfuil dáta éaga orthu nó cógais nach bhfuil de dhíth níos mó mar chóir leighis a thabhairt ar ais don tuismitheoir láithreach le haistriú go poitigéir pobal chun iad a dhiúscairt go sábháilte.

1.6.23 Ba cheart boscaí géarán a úsáid i gcónaí le snathaidí a dhiúscairt. Is féidir boscaí géarán a fháil ó thuismitheoirí ,ar oideas ó dhochtúir ginearálta nó ó phéidiatraí an pháiste Ba cheart bailiúchán agus diúscairt na mboscaí a shocrú le seirbhísí comhshaoil an údaráis áitiúil.

Sláinteachas/Smacht ar Ionfhabhtú

1.6.24 Ba cheart go mbeadh gach ball foirne ar an eolas maidir leis an ghnáth-réamhchúram ba cheart a ghlacadh chun ionfhabhtú a sheachaint agus caithfidh siad modhanna oibre bunúsacha sláinteachais a leanúint. Ba cheart go mbeadh teacht ag baill foirne ar láimhíní indiúscartha cosanta agus bheith cúramach nuair a bhíonn siad ag obair le doirteadh fola nó sreabhán coirp de chineál ar bith eile chomh maith le diúscairt cóirithe nó trealaimh.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 7: TEACHT AR CHOMHAIRLE, EOLAS AGUS OILIÚINT DO NA SCOILEANNA

1.7.1 Ba cheart go mbeadh daltaí chomh sábháilte céanna ar scoil agus a bhítear sa bhaile. Tá sé tábhachtach go mbíonn réimse oiliúna, a bhaineann le daltaí a bhfuil riachtanais ghearrthéarma agus fhadtéarma acu curtha ar fáil chun cuidiú le baill foirne a dheonaíonn cógas a thabhairt, chun go mbeadh cumas acu chuige sin a bheadh, ar a laghad, ar aon dul leis an chumas a bheadh ag tuismitheoir. Níor cheart go n-iarrfaí ar scoileanna tabhairt faoi aon ghnáthamh a mheastar bheith míréasúnta do thuismitheoir tabhairt faoi.

1.7.2 Beidh ar an oiliúint i dtreo cógas a thabhairt bheith ag leibhéil éagsúla. Ag brath ar riachtanais aitheanta na ndaltaí, d'fhéadfadh múscailt feasachta, comhairle, nó traenáil i sainghnáthaimh bheith mar chuid den oiliúint seo. Mar íosriachtanas ba cheart go mbeadh scoileanna ar an eolas maidir le cé leis ba cheart dóibh labhairt chun comhairle a fháil ar an toirt maidir le cógas agus ba cheart go mbeadh teacht acu ar oiliúint i dtaca leis na riochtanna is coitianta. Beidh lucht foirne na scoile, ag obair i gcomhar le Seirbhís Sláinte na Scoile, ábalta teacht ar an an leibhéal oiliúna atá de dhíth.

1.7.3 Is minic a bhíonn eagraíochtaí deonacha toilteanach seisiúin ar mhúscailt feasachta a chur ar fáil maidir le sainriochtanna. Tá mionsonraithe d'eagraíochtaí cabhracha ann i gCuid V.

Páistí a bhfuil Gá Gearrthéarma Acu le Cógas a Ghlacadh ar Scoil

1.7.4 Is minic a bhíonn cógas gearrthéarma ag dhíth ar dhaltaí do ghéar-riochtanna, ar nós ionfhabhtú cluaise nó cliabhraigh. Is beag gá, má tá aon ghá ann, do Sheirbhís Sláinte na Scoile baint a bheith acu i gcásanna dá leithéid. Is é an "oiliúint" a bheadh de dhíth ná míniú ó na tuismitheoirí agus an bhileog eolais a chuireann na déantúsóiríar fáil le gach cógas. Ba cheart go mbeadh baill foirne ar an eolas faoin ghá atá ann go mbeadh comhthoil scríofa le fáil agus taifead cruinn á choinneáil maidir le gach uair a thugtar cógas.

1.7.5 Nuair a bhíonn daltaí ar fhéin-chógas m.sh. paraicéiteamól nó cógas casachta, is ar an pháiste ba cheart freagracht an chógais a bheith, má bhíonn sé ar an aois agus tuiscint cheart. Caithfear comhaontú na dtuismitheoirí bheith ann i bhfoirm scríofa.

Páistí a mblonn Cógas Laethúil Fadtéarma de Dhíth orthu

1.7.6 Sa ghrúpa seo tá daltaí a bhfuil riocht fadtéarma orthu agus a mbíonn cógas rialta de dhíth orthu. Is iad an dá chatagóir is mó sa ghrúpa seo ná daltaí a bhfuil plúchadh orthu agus iad siúd a bhfuil NHEA acu. Is féidir le Seirbhís Sláinte na Scoile bileoga réamh-chlóbhuailte a sholáthar ar na riochtanna seo, san áireamh anseo tá comhairle ar chásana práinneacha. Ar ndóigh bheadh Seirbhís Sláinte na Scoile bainteach i gcásanna deacra.

1.7.7 Sa chatagóir seo tá daltaí arbh fhéidir leo eachtra phráinneach bheith acu a chuirfeadh a saol i mbaol, de bharr riocht leighis atá orthu, agus mar sin de bheadh aird láithreach de dhíth orthu. Is iad na príomhghrúpaí anseo ná iad siúd a bhfuil droch-thitimeas acu, diaibéiteas agus anaifiolacsas de bharr ailléirgí bia. Ag brath ar a ghéire

agus a bhíonn an riocht orthu b'fhéidir go mbeadh Plean Cógais Leighis de dhíth ar na páistí seo. B'fhéidir go léireodh sé seo ann féin gá do chuid de fhoireann na scoile breis eolais a bheith acu faoi riocht leighis nó sainoiliúint bheith acu maidir le cineál áirithe leighis a thabhairt nó maidir leis an dóigh ba cheart déileáil le práinn. I gcásanna den chineál seo, níor cheart go dtabharfadh baill foirne scoile cógas in am ar bith gan an oiliúint cheart acu ó ghairmithe sláinte.

1.7.8 Do pháistí a bhfuil riachtanais shuntasacha leighis acu dréachtfar clár aonair oiliúna. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar gach oiliúint ar bhonn bliantúil, ar a laghad, agus ba cheart é bheith dírithe ar an pháiste féin.

1.7.9 Ba cheart oiliúint bheith socraithe i gcomhair leis na Boird/Iontaobhais Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta, le Péidiatraithe Pobal, le hAltra na Scoile/Altra Páistí an Phobail ó le gairmithe eile sláinte. Is faoi rogha na mBord Sláinte/Iontaobhas é acmhainní a chur ar fáil d'aon oiliúint is gá. Go minic beidh siad féin ábalta an oiliúint a chur ar fáil. Ba cheart do ghairmí sa tseirbhís sláinte aon oiliúint a thug go leor tuisceana, muiníne agus cumais i gnáthamh a dhearbhú agus a chur in iúl don fhostóir. Beidh gá le clár de chúrsaí athnuachana a fhorbairt le cinntiú go mbíonn an inniúlacht ag teacht le tuiscintí reatha.

1.7.10 Ba cheart an oiliúint bheith ann do bha(i)ll foirne ainmnithe sna sainghnáthaimh do gach páiste ainmnithe. Caithfear an clar oiliúna a dhéantar bheith pleanáilte agus na mionsonraithe a thaifeadú do gach ball foirne ainmnithe.

1.7.11 San áireamh i sainghnáthaimh ba cheart iad seo a leanas bheith ann:

- eolas ar Phlean Leighis an pháiste aonair;
- an riachtanas le rúndacht an pháiste a choinneáil;
- treoracha maidir leis an ghnánamh is gá trí mheán taispeántais agus ina dhiaidh sin cleachtadh faoi fheitheoireacht, nuair is cuí, agus tacaíocht fosta i bhfoirm prótacail scríofa. Sa phrótacal seo ba cheart go mbeadh tagairt ann do na gníomhartha is gá don duine oilte a chur i bhfeidhm agus seo bheith mar chuid de Phlean Leighis an dalta; agus
- nuair is cuí, caithfear díriú ar cheisteanna a bhaineann le cosaint leanaí nó dlúthchúram.

1.7.12 B'amhlaidh ab fhearr é dá mbeadh an fhoireann oilte sula dtosaíonn an páiste ag freastal ar an scoil, ach, muna bhfuil, caithfidh na tuismitheoirí bheith ar an eolas go mbeidh orthu bheith freagrach go fóill as na gnáthaimh go dtí go gcuirtear an oiliúint cheart ar bhaill foirne.

1.7.13 Nuair a bhítear ag ainmniú ball foirne le hoiliúint caithfear an scoil measúnú a dhéanamh ar an ghníomh ba cheart a dhéanamh má bhíonn an duine oilte as láthair, agus ba cheart seo a chur in iúl do na tuismitheoirí.

1.7.14 Ba cheart don soláthraí oiliúna Teastas Cumais a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil oiliúint curtha orthu i ngnáthamh maidir leis an pháiste ainmnithe. Ba cheart an Teastas a choinneáil i gcomhad pearsanta na scoile don bhall foirne agus ba cheart cóip a

chur i gcomhad pearsanta an dalta féin. Ba chóir an t-eolas a nuashonrú ar bhonn bliantúil nó nuair a athraíonn ainm an duine oilte. Tá sampla de Theastas den chineál seo i bhfoirm AM6.

1.7.15 Má bhíonn Ráiteas de Riachtanais Speisialta Oideachais ag an dalta faoi Ordú Oideachais (TÉ) 1996, mar a leasaíodh in Ordú Riachtanas Speisialta Oideachais agus Míchumas (TÉ) 2005 ba cheart an riachtanas do na modhanna oibre bheith luaite in aon chomhairle leighis, altrachta nó teiripe. Ba cheart tagairt bheith luaite sa chomhairle seo go bhfuil Bord Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta sásta oiliúint a chur ar bhaill foirne sa ghnáthamh is gá.

Oiliúint i Modhanna Oibre Práinne

1.7.16 Ba cheart go mbeadh a fhios ag gach ball foirne cén dóigh le glaoch a chur ar na seirbhísí éigeandála. Ba cheart eolas a thabhairt do gach ball foirne, bíodh má dheonaigh nó nár dheonaigh siad cógas a thabhairt, maidir leis na riochtanna is coitianta a chuireann isteach ar na daltaí a mbíonn teagmháil acu leo le linn lá scoile. Cuideoidh sé seo leis an fhoireann oibre chun airí a aithint chomh maith leis an dóigh le déileáil le práinn má tharlaíonn sé. Ba cheart go mbeadh eolas ag gach ball foirne fosta maidir le cé atá freagrach as gnáthaimh práinne a chur i bhfeidhm má éiríonn gá agus ba cheart go mbeadh a fhios ag gach duine cén dóigh le dul i dteagmháil leis na daoine seo má bhíonn práinn ann. Tá breis treoracha ann i gCuid III.

1.7.17 Ba cheart iad seo a leanas bheith san áireamh in oiliúint sna riochtanna is coitianta:

Frithghníomhartha Ailléirgeacha/Anaifiolacsas

Buntuiscint ar an riocht agus ar na rudaí is féidir seo a thabhairt ar dhuine. Na comharthaí a aithint chomh maith leis na hairí de fhrithghníomhartha ailléirgeacha éadroma agus troma, gnáthaimh garchabhrach ar nós cosaint aerbhealaí agus an luí téarnaimh, riarachán cógas- úsáid peann aidréanailín réamhlódáilte agus gnáthaimh práinne. Faoi láthair tá íoschaighdeáin náisiúnta maidir le hoiliúint in ailléirgí agus is dócha go gcuirfidh siad seo le cleachtas sa todhchaí.

Plúchadh

Buntuiscint ar an riocht agus ar na rudaí is féidir seo a thabhairt ar dhuine agus forbairt cumais i riarachán an chógais, úsaid análóirí agus spasghléasanna san áireamh. Ba cheart go mbeadh seachthorthaí a d'fhéadfadh bheith ann i gceist in aon oiliúint a thugtar chomh maith le cad é ba cheart a dhéanamh má bhíonn seachthorthaí ann agus cad é ba cheart a dhéanamh muna dtagann feabhas ar riocht an dalta. Beidh an cineál oiliúna a chuirtear ar fáil ag brath ar an chás aonair.

Nóta: Go hiondúil níor cheart go gcaithfeadh páistí néalaitheoir a úsáid ar scoil. Má mholann dochtúir nó altra go bhfuil gá ann don pháiste néalaitheoir a úsáid ar scoil, beidh oiliúint ó ghairmí sláinte de dhíth ag na baill foirne atá i gceist.

Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde

Tuiscint iomlán ar airí an reachta seo, an chóir leighis atá ann dó agus an dóigh lena bhainstiú. Ordófar leigheas spreagaí do chuid mhór dóibh siúd a bhfuil seo orthu, go minic meitilfeanadáit, a dhíoltar anois faoi na hainmneacha branda Ritalin, Equasym agus Concerta XL. Is druga d'aicme A é meirilfeanadáit agus tá sé tábhachtach go gcoinnítear taifead cruinn.

Fiobróis Chisteach

Buntuiscint ar an ghalar, a bhunús géiniteach san áireamh, an chóir leighis cothabhála atá i gceist, úsáid teiripí, soghluaiseachta agus drugaí ar chúiseanna éagsúla agus an tionchar a bhíonn ag an ghalar ar theaghlach an pháiste agus ar a chuid oideachais.

Diaibéiteas

Tuiscint ar an riocht, an tábhacht a bhaineann le haiste bia agus na hairí a bhaineann le hipiglicéime, (siúcra fola íseal), eipeasóid. Ba cheart go mbeadh an fhoireann ar an eolas faoi chóir leighis chuí phráinne do shiúcra fola íseal. I gcásanna áirithe, agus aithneofar siúd ón Phlean Leighis aonair, b'fhéidir go mbeidh gá ann bheith eolach ar an dóigh le leibhéil siúcra fola a thomhas agus an gníomh cuí ba cheart a dhéanamh.

Titimeas

Eolas ar na caighdeáin oiliúna atá aontaithe go náisiúnta maidir le cóir leighis phráinneach ar thaomanna, foilsithe ag an Chomh-Chomhairle Titimis. Táthar ag súil go mbeidh gach oiliúint de réir na gcaighdeán seo.

CUID I: ÁBHAIR CHOMHTHÉACSÚLA

ROINN 8: CÚINSÍ EILE FAOINA DTIOCFADH LE SCOIL SOCRUITHE SPEISIALTA A DHÉANAMH DO DHALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS LEIGHIS ACU

Turais Oideachais

1.8.1 Ní phléitear sa cháipéis seo cé acu ar cheart nó nár cheart cead a thabhairt do pháiste a bhfuil riachtanais leighis aige dul ar chuairteanna oideachais nó ar thurais. Is amhlaidh, áfach, gur cheart do scoileanna céimeanna réasúnta a ghlacadh chun daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu a spreagadh i dtreo bheith páirteach i dturais scoile, nuair a bhíonn a leithéid sábháilte. B'fhéidir go mbeadh athbhreithniú agus athmheas le déanamh ar pholasaí agus modhanna oibre na gcuairteanna sa dóigh is go mbeidh na céimeanna cuí san áireamh chun páistí a bhfuil riachtanais leighis acu a chur san áireamh. B'fhéidir go mbeadh measúnú priacail san áireamh anseo fosta do na páistí seo. Ba cheart glacadh leis, áfach, go mbeidh cásanna ann nuair nach féidir dalta a thabhairt ar thuras scoile munar féidir bheith cinnte go mbeidh an fheitheoireacht chuí ann.

1.8.2 Uaireanta beidh ar an scoil bearta sábháilteachta breise a ghlacadh do chuairteanna seachtracha. Caithfear socruithe a dhéanamh maidir le haon chógas is gá a chur san áireamh. Má thógtar páiste a bhfuil cógas de dhíth air ar thuras thar oíche nó ar thuras (thar sáile san áireamh) caithfidh an tuismitheoir treoracha mionsonraithe a chur ar fáil chomh maith le haontú scríofa maidir le riarachán an chógais le linn thréimhse an turais.

1.8.3 Má bhíonn Plean Cógais Leighis ag an dalta is féidir seo a chur in oiriúint trí phlé a dhéanamh leis an dalta, leis na tuismitheoirí, le gairmithe scoile agus sláinte chun na saincheisteanna ar gá a mheas le linn an turais a aithint. Nuair is féidir é, ba cheart dualgais an dalta, na dtuismitheoirí agus fhoireann na scoile a dhéanamh soiléir.

1.8.4 Ba cheart go mbeadh baill foirne a bhíonn ag déanamh feitheoireachta ar thurais bheith i gcónaí ar an eolas maidir le haon riachtanas cógais agus gnáthaimh chuí práinne. Uaireanta b'fhéidir go mbeadh maoirseoir breise nó tuismitheoir ag tionlacan dalta faoi leith. Má bhíonn imní ar bhaill foirne maidir leis an soláthar is féidir leo a chur ar fáil ar mhaithe le sábháilteacht dalta, nó sábháilteacht daltaí eile ar thuras, ba cheart dóibh comhairle leighis a lorg ó Sheirbhís Sláinte na Scoile, ó dhochtúir ginearálta an pháiste nó ón Phéidiatraí pobal maidir leis na céimeanna ba cheart a ghlacadh le cinntiú go bhfreastlaítear ar riachtanais leighis. Ba cheart an chomhairle seo a lorg i bhfad roimh an turas atá molta.

Ba cheart cóip d'aon Phlean Leighis a thabhairt ar thurais ar eagla go mbeadh eolas ann de dhíth i gcás práinne.

1.8.5 Le breis eolais a fháil ar thurais scoile féach ar leabhrán na Roinne Oideachais, "Sábháilteacht san Oideachas Lasmuigh", a eisíodh do gach scoil sa bhliain 1989. Is féidir breis cóipeanna a fháil ó Shiopa Leabhar HMSO Bookshop, 80 Sráid Chichester, Béal Feirste BT1 4JY, praghas £3.75.

Is féidir teacht ar "Sláinte agus Sábháilteacht Daltaí ar Chuairteanna Oideachais: Treoirlínte um Dhea-Chleachtas" (DfES) ar www.teachernet.gov.uk/wholeschool/healthandsafety/visits/

Gníomhaíochtaí Spóirt

1.8.6 Is féidir le formhór na ndaltaí a bhfuil riocht leighis orthu páirt a ghlacadh i spóirt sheach-churaclaim nó i gcuraclam an Choirp Oideachais, atá solúbtha go leor chun gur féidir le gach dalta é a dhéanamh ar bhealaí atá fóirsteanach dá gcumas féin. Bíonn gníomhaíocht fhisiciúil ar leas sláinte chuid mhór acu ar bhonn sóisialta, meabhrach agus fisiciúil. Ba cheart aon srian a bhíonn ar chumas dalta páirt a ghlacadh sa Chorp Oideachais bheith san áireamh ina Phlean Leighis aonair. Ba cheart do gach duine fásta bheith feasach maidir le ceisteanna príobháideachais agus dínite dá bpáistí a bhfuil riachtanais faoi leith acu.

1.8.7 B'fhéidir go mbeadh gá roinnt gníomhaíochtaí a athrú nó céimeanna réamhchúraim a ghacadh roimh nó le linn aclaíochta agus ba cheart fáil láithreach bheith ag daltaí ar a gcógas más gá. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh gá ag páistí a bhfuil plúchadh orthu análóir faoisitheora a ghlacadh roimh aclaíocht. Ba cheart do bhaill foirne a bhíonn ag feitheoireacht ar ghníomhaíochtaí spóirt machnamh a dhéanamh ar aon ghá a bheadh ann measúnú priacail a dhéanamh ar roinnt páistí agus bheith feasach faoi na riochtanna cuí leighis chomh maith le gnáthaimh práinne. Is féidir teacht ar níos mó mionsonraithe maidir le sainriochtanna sláinte i gCuid IV.

Córas Iompair Scoile

1.8.8 Socraíonn Boird Oideachais agus Leabharlainnne córas iompair ón bhaile go dtí an scoil nuair is gá dóibh seo a dhéanamh go dleathach. **Caithfidh** siad a chinntiú go mbíonn daltaí sábháilte le linn an turais. Ní bhíonn feitheoireacht de dhíth ar an chuid is mó de na daltaí a bhfuil riachtanais leighis acu, ach ba cheart do na Boird Oideachais agus Leabharlainne maoirseoirí atá oilte mar is cuí a sholáthar má mheastar go bhfuil gá ann dóibh. Ba cheart treoir a lorg ó dhochtúir teaghlaigh nó ó phéidiatraí an pháiste. [6]

1.8.9 Ba cheart go mbeadh a fhios ag tiománaithe agus ag coimhdeachtaí cad é le déanamh i gcás go mbeadh práinn leighis ann. Níor cheart go dtabharfaidís cógais de ghnáth ach nuair a aontaítear go dtabharfadh tiománaí nó coimhdeacht cógais, .i. i gcás práinne, **caithfidh** siad oiliúint agus tacaíocht a fháil agus caithfidh siad tuiscint mhaith bheith acu ar na gnáthaimh agus ar na prótacail atá le leanúint acu. Ba cheart go mbeadh siad soiléir faoi na rólanna atá acu agus na freagrachtaí agus dliteanais atá orthu.

1.8.10 I gcás go mbíonn riocht ar dhaltaí atá bagrach don bheatha, ba cheart sainphleananna um chúram sláinte a iompar ar fheithiclí. Beidh ionchur de dhíth sna pleananna iompair um chúram sláinte ó thuismitheoirí agus ón liachleachtóir freagrach don dalta atá i gceist. Ba cheart go leagfaí síos sna pleananna cúraim na rudaí ba cheart a dhéanamh chun tacú le gnáthchúram an dalta chomh maith leis na rudaí is cuí a dhéanamh i gcas práinne. Ba cheart go mbeadh oiliúint bhunúsach garchabhrach ag gach tiománaí agus ag gach coimhdeacht. B'fhéidir go mbeadh coimhdeachtaí breisoilte bheith de dhíth chun tacú le roinnt dlataí a bhfuil riachtanais chasta leighis acu. D'fhéadfadh siad seo bheith ina ngairmithe cúraim sláinte nó ina gcoimhdeachtaí ar chuir siad féin oiliúint orthu.

[6] 'Home to school travel for pupils requiring special arrangements' (DfES, 2004) ***NI reference***

1.8.11 Bíonn roinnt daltaí i mbaol frithghníomhartha ailléirgeacha géara. Is féidir an baol seo a íoslaghdú muna dtugtar cead do dhuine ar bith ithe ar fheithiclí. Mar a luadh thuas, ba cheart go mbeadh oiliúint bhunúsach garchabhrach ag gach coimhdeacht agus ba cheart oiliúint bheith acu chun peann réamhlódáilte aidréanailín a úsáid i gcás práinne nuair is cuí.

CUID II: CÓGAS LEIGHIS A THABHAIRT

ROINN 1: Ceisteanna Ginearálta

2.1.1 Tá an Chuid seo roinnte i Ranna a bhaineann le Riachtanais Leighis Ghearrthéarma, Riachtanais Leighis Fhadtéarma agus Cógas Leighis i gCás Práinne. Soláthraítear pro forma le comhlánú ag na tuismitheoirí i gcomhar leis an scoil.

2.1.2 Is é is cógas ann ná cógas atá ordaithe ar oideas agus cógas nach bhfuil agus san áireamh ann tá na cinn a thógtar isteach sa bhéal, cinn a ionanálaítear, cinn a instealltar, cinn a thógtar mar bhraonta isteach sna súile nó sa tsrón nó cinn a chuirtear ar an chraiceann.

Seachadadh Cógas Leighis

2.1.3 Caithfidh tuismitheoirí nó coimhdeachtaí fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Leabharlainne (ar threoracha scríofa an tuismitheora) gach cineál cógais leighis a sheachadadh go díreach chuig an scoil.

2.1.4 Caithfear gach cineál cógais a sheachadadh chuig an Phríomhoide nó chuig Duine Údaraithe **i gcoimeádán atá daingean agus lipéad air mar a rinneadh é a fhodháileadh ar an chéad dul síos.** B'fhéidir go bhfóirfeadh sé dá ndéanfadh an dochtúir ginearálta méid ar leith den chógas le húsáid ar scoil, más cuí agus má bhíonn sé praiticiúil, ceann le húsáid sa bhaile agus ceann le húsáid ar scoil, rud a sheachnódh aon ghá don tuismitheoir cógas a chur i bpacáiste eile nó lipéad eile a chur air.

2.1.5 Caithfear gach coimeádán lipéad soiléir bheith air agus an t-eolas seo a leanas air:

- Ainm an Chógais Leighis.
- Ainm an Dalta.
- Dáileogacht.
- Dáileogacht a dháilte.
- Cé chomh minic agus a thugtar é.
- Dáta a dháilte.
- Riachtanais Stórála (má tá seo tábhachtach).
- Dáta éaga

Tabharfar ar ais don tuismitheoir aon chógas a bhíonn i gcoimeádáin gan lipéad air.

2.1.6 Is é freagracht na dtuismitheoirí é cógas a athnuachan nuair a bhíonn an soláthar íseal. Caithfidh na tuismitheoirí aon athrú sa dáileogacht nó socruithe eile a chur in iúl don Phríomhoide, i bhfoirm scríofa.

<u>An dalta féin ag tabhairt cógas dó féin</u>

2.1.7 Dea-chleachtas atá ann cead a thabhairt do dhaltaí atá cumasach chuige a gcógas féin a bhainistiú ag aois measartha óg agus ba cheart do na scoileanna seo a spreagadh le cead scríofa ó thuismitheoirí an dalta. Athraíonn an aois a mbíonn páiste réidh le haire a thabhairt do, agus le bheith freagrach as a chuid cógas féin, ó pháiste go páiste. De réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn páistí ba cheart iad a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcinntí faoina gcógas agus le bheith freagrach as. Sa chás a mbíonn páiste ag bainistiú a c(h)uid cógais féin ní bheifí ag dúil, go hiondúil, leis a chuid cógais a thabhairt uaidh le cur sa stóras. I gcásanna den chineál seo, áfach, déanfar measúnú priacail i ndiaidh plé a dhéanamh leis na tuismitheoirí maidir leis na priacail a d'fhéadfadh bheith ann do dhaoine eile de bharr an socraithe seo.

2.1.8 Tuigtear go mb'fhéidir gur mhaith le daltaí níos sine a gcuid cógas féin a iompar ach ba cheart iad a spreagadh chun díreach an méid atá de dhíth don lá a thabhairt leo agus ba cheart iad a chur ar an eolas maidir leis an ghá atá ann bheith cúramach maidir le teacht ar agus úsáid cógais den chineál sin. Níor cheart daltaí a spreagadh, i gcoitinne, chun cógas a iompar leo amháin má bhíonn géarghá leis.

2.1.9 Ba cheart do pháistí níos sine a bhfuil tinneas fadtéarma acu, nuair is féidir é, freagracht iomlán a ghlacadh as a gcuid cógas féin faoi fheitheoireacht tuismitheora. Forbraíonn páistí ag rátaí éagsúla agus mar sin athróidh an cumas chun an fhreagracht seo a ghlacadh ó pháiste go páiste. Ba cheart cuimhniú air seo nuair a bhítear ag déanamh cinnidh maidir le freagracht a thabhairt do pháiste nó do dhuine óg. Níl aon aois faoi leith ann nuair ba cheart an t-aistriú freagrachta seo a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh cúinsí ann nuair nach cuí do pháiste ag aois ar bith a chógas féin a bhainistiú. Bíonn ar ghairmithe sláinte, chomh maith le tuismitheoirí agus páistí, an t-am ceart chuige seo a mheas.

2.1.10 Más féidir le daltaí a gcógas a thógáil iad féin, b'fhéidir nach mbeadh ach maoirseoireacht le déanamh ag an fhoireann. Sampla dó seo is ea análóirí do dhaltaí a bhfuil plúchadh orthu. B'fhéidir go mbeadh ar roinnt daltaí a bhfuil diaibéiteas acu inslin a instealladh le linn an lá scoile. Ba cheart áiseanna cuí a chur ar fáil chun ligean don dalta seo a dhéanamh go príobháideach. Ba cheart go mbeadh sé luaite i bpolasaí na scoile más ceadmhach do dhalta a gcuid cógas féin a iompar agus a thabhairt dóibh féin (nuair is cuí), ag cuimhniú fosta ar shábháilteacht daltaí eile agus comhairle leighis ón té a d'ordaigh maidir leis an pháiste aonair. Caithfear scoileanna a choinneáil ar an eolas má tá páiste le cógas a thabhairt dó féin agus soláthraítear foirm toilithe tuismitheora, Foirm AM3, chuige seo.

2.1.11 Má ordaíodh drugaí rialaithe do pháistí caithfidh fios bheith ag na baill foirne gur cheart iad a choinneáil i gcoimeád sábháilte. D'fhéadfadh páistí teacht orthu chun iad a thabhairt dóibh féin mar chógas má aontaítear go bhfuil sé seo fóirsteanach.

Ag diúltiú do Chógas

2.1.12 Má dhiúltaíonn páistí cógais a ghlacadh, níor cheart go gcuirfeadh baill foirne iallach sin a dhéanamh ach ba cheart nóta a chur sna taifid agus gnáthaimh aontaithe a leanúint. Is féidir na gnáthaimh bheith leagtha síos sa pholasaí nó i bPlean Leighis páiste aonair. Ba cheart an t-eiteach a chur in iúl do thuismitheoirí ar bhonn práinne an lá céanna. Má éiríonn cás práinne as dalta a dhiúltaíonn cógas a ghlacadh, ba cheart gnáthaimh na scoile i gcás práinne a leanúint.

Ag Coinneáil Taifead

2.1.13 Dea-chleachtas is ea é nuair a choinníonn scoileanna taifead ar chógais a tugadh do dhaltaí, am/dáta agus an bealach a tugadh iad san áireamh anseo. Tugann taifid cosaint don fhoireann chomh maith le cruthúnas gur lean siad gnáthaimh chomhaontaithe. Moltar gur cheart do scoileanna Tabhall Riachtanas Leighis a choinneáil chuige seo. Ba cheart do bhaill foirne a mbaineann seo leo cárta taifid a chomhlánú agus a shíniú gach aon uair a dtugann siad cógas do dhalta. Is féidir úsáid a bhaint as foirm AM4 chuige seo. Nuair a bhíonn an fhoirm comhlánaithe ba cheart cóip de a chur i bpríomhchomhad scoile an dalta. Má aistríonn an dalta scoil sula mbíonn an fhoirm iomlán comhlánaithe ba cheart cóip de a chur i bpríomhchomhad scoile an dalta le haistriú chuig an chéad scoil eile.

CUID II: CÓGAS A THABHAIRT

ROINN 2: RIACHTANAIS CÓGAS SA GHEARRTHÉARMA

2.2.1 Is féidir riachtanais ghearrtéarma a bhainistiú mar riarachán leighis ag daoine nó mar fhéin-rialúchán cógais ach beidh foirmeacha toilithe le comhlíonadh don dá chatagóir. Níor cheart do bhaill foirne scoile cógas gearrthéarma a thabhairt do dhalta gan aontú scríofa a thuismitheora.

2.2.2 Tá foirmeacha AM2 go AM6, ar féidir fótachóip a dhéanamh dóibh nó ar féidir a athrú le go n-úsáidfeadh scoileanna iad, san áireamh ag deireadh Chuid II.

Daltaí a bhfuil cógas gearrthéarma de dhíth orthu ar oideas dochtúra mar go bhfuil géarmhíochaine orthu ar nós ionfhabhtú cluaise nó ionfhabhtú cliabhraigh acu.

2.2.3 Beidh ar chuid mhór daltaí cógas a ghlacadh (nó é bheith tugtha dóibh) ar scoil am éigin ina saol scoile. Ar feadh achair ghairid a mhairfidh sé seo den chuid is mó, m.sh. le cúrsa frithbheathach a chríochnú nó le lóis a chur orthu. Seans gurb amhlaidh an cás má bhíonn an dalta i bpian go rialta, ar nós tinneas géar cinn. Má ligtear do dhaltaí cógas leighis a ghlacadh ar scoil laghdófar ar an am a mbíonn orthu bheith saor ón scoil ach níor cheart cógas a thabhairt ar scoil nó chuig suímh ach nuair a bhíonn sé riachtanach; is é sin nuair a bheadh sé díobhálach do shláinte an pháiste munar tugadh an cógas le linn an lá scoile. Caithfear na foirmeacha toilithe cuí a chomhlánú.

2.2.4 Ba cheart d'aon bhall foirne a thugann cógas do dhalta seiceáil a dhéanamh ar:

- ainm agus dáta breithe an dalta;
- treoracha scríofa a sholáthraigh tuismitheoirí nó dochtúir;
- nach bhfuair an páiste cógas cheana féin;
- an dáileogacht a ordaíodh;
- an dáta éaga; agus
- an bealach ar tugadh an cógas.

2.2.5 Má bhítear in amhras faoi aon cheann de na gnáthaimh ba cheart don bhall foirne seo a sheiceáil leis na tuismitheoirí nó le gairmí sláinte sula ndéanann sé/sí aon ghníomh eile.

2.2.6 Dea-chleachtas atá ann, nuair is féidir é, an dara duine fásta bheith ann mar fhinné ar dháileogacht agus ar riarachán.

Daltaí a iarrann cógas nach ar oideas dochtúra é

2.2.7 Uaireanta iarrann na daltaí pianmhúcháin (anailgéisigh) ar scoil ar nós paraicéiteamól. Bíonn foirm toilithe ag roinnt scoileanna, ar cheart bheith comhlánaithe ag an tuismitheoir ar bhonn bliantúil, a cheadóidh do ghnáthriarachán na gcógas gearrthéarma. Níor cheart do fhoireann na scoile **in am ar bith** cógas nár ordaíodh ar oideas a thabhairt do dhaltaí ach amháin má bhíonn sainchead scríofa ann roimh ré ó na tuismitheoirí.

2.2.8 I gcásanna áirithe d'fhéadfaí go mbeadh cead ag daltaí cógas a thabhairt dóibh féin ó sholáthar a bhíonn acu féin de réir pholasaí na scoile.

2.2.9 Níor cheart glacadh le cógas thar an chuntar m.sh. cógas casachta nó leighis do fhiabhras léana ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, agus ba cheart caitheamh leo ar an dóigh chéanna le cógas ordaithe. Caithfidh tuismitheoirí lipéad a chur ar choimeádán le hainm an pháiste, dáta breithe, dáileogacht agus am lena thógáil air agus an fhoirm toilithe chuí a chomhlánú.

CUID II: CÓGAS LEIGHIS A THABHAIRT

ROINN 3: AG PLEANÁIL CÓGAS LEIGHIS DO DHALTA A BHFUIL BAIL FHADTÉARMA AIR

2.3.1 Is féidir riachtanais fhadtéarma leighis a bhainistiú mar riarachán leighis a thugann an dalta dó féin faoi mhaoirseacht nó mar riarachán leighis a thugann daoine eile, ach beidh gá Plean Leighis bheith comhlánaithe sa dá chatagóir seo.

2.3.2 Tá sé tábhachtach don scoil go leor eolais bheith aici faoi riocht leighis aon dalta a bhfuil riachtanais leighis fhadtéarma aige agus gnáthamh a dhréachtú chuige seo. Muna dtugtar go leor tacaíochta don dalta is féidir leis seo tionchar suntasach bheith aige ar ghnóthachtáil acadúil an dalta agus/nó eascraíonn fadhbanna mothúchánacha agus iompraíochta as seo. Caithfear an scoil, mar sin de, bheith ar an eolas maidir le riachtanais leighis sula dtosaíonn an páiste ar scoil, nó nuair a thagann riocht ar an pháiste. Maidir le páistí a bhíonn ag freastal ar choinní ospidéil ar bhonn rialta, is féidir go mbeadh socruithe speisialta de dhíth fosta, ar nós diabéitis, titimis, ailléirgí géara nó plúchadh agus b'fhéidir go fíor-annamh go mbeadh druga de dhíth le tabhairt i gcás práinne: m.sh. titimeas ((rectal diazepam), anaifiolacsas (aidréanailín), plúchadh trom (análóir). Is féidir leis na drugaí seo an bheatha a shábháil. B'fhéidir go mbeadh gá ag daltaí eile le cógas ordaithe rialta, Ritalin mar shampla. Sna cásanna seo caithfear comhaontú bheith ann idir na múinteoirí maidir le cé a thabharfaidh iad. Ba cheart Plean Cógais a dhréachtú agus baint ag na tuismitheoirí ann chomh maith le gairmithe cuí sláinte agus an páiste féin, más amhlaidh go dtuigeann sé go leor chuige sin.

Tá foirmeacha AM1 go AM6, ar féidir fótachóipeáil a dhéanamh díobh nó ar féidir a leasú chun go n-úsáidfeadh scoileanna iad, ceangailte ag deireadh Chuid 11 agus is féidir iad a úsáid mar Phlean iomlán Leighis.

Pleanáil Cógas

2.3.3 Bíonn cumais éagsúla ag daoine óga chun déileáil le drochshláinte nó sainriocht sláinte agus bíonn baint ag scoileanna leis seo sa dóigh a bhfreagraíonn siad do riachtanais aonair um chúram sláinte. Caithfear polasaí leighis na scoile a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ach ní ar bhealach dolúbtha nó neamh-mhothálach. Níor cheart do bhaill foirne breithiúnais a dhéanamh ar fhiúntas an chineáil leighis a ordaíonn liachleachtóir cláraithe leighis nó fiaclóireachta.

2.3.4 Ní bheidh Plean Leighis de dhíth ar gach dalta a bhfuil riachtanais leighis aige. B'fhéidir nach mbeadh de dhíth ach comhaontú gearr scríofa ó thuismitheoirí mar atá i bhfoirmeacha AM2 nó AM3.

2.3.5 Dóibh siúd a mbíonn plean de dhíth orthu tá sé mar chuspóir ann a chinntiú go mbíonn go leor eolais ag foireann na scoile chun tuigbheáil a bheith acu ar dhalta agus chun tacú le dalta a bhfuil riachtanais fhadtéarma leighis aige. Ba cheart go ndéanfadh altra nó dochtúir na scoile maoirseacht air seo agus ba chóir é a dhréachtú i gcomhar leis na tuismitheoirí agus, más cuí, leis an pháiste agus le cúramóirí leighis an pháiste. Ba cheart go leagfaí síos ann go mionsonrach, na bearta is gá chun tacú le dalta ar scoil, chomh maith leis an dóigh le hullmhú do chás práinneach.

2.3.6 Níor cheart go mbeadh sé dochraideach Plean Leighis a dhréachtú, ach i ngach Plean beidh leibhéil éagsúla mionsonraithe, de réir riachtanas an dalta aonair.

2.3.7 I ngach plean beidh cur síos ar riocht leighis an dalta, an tionchar a bhíonn aige maidir leis an scoil agus an cuidiú a bheidh de dhíth ar an pháiste le linn an lá scoile.

2.3.8 Gairmí sláinte amháin ba cheart measúnú a dhéanamh maidir leis an ghá go ndéanfaí amach Plean Leighis, chomh maith leis na mionsonraithe leighis a bhíonn sa phlean a mheas. Níltear ag súil le go mbeidh gá le pleananna mionsonraithe do riachtanais ghearrtéarma nuair a bhíonn páiste, mar shampla, ar chúrsa frithbheathach. I gcásanna den chineál sin ba leor mionsonraithe faoin chógas a thaifeadú, an t-am a thugtar iad agus aon seachthorthaí a d'fhéadfadh éirí astu. Beidh gá le pleananna níos mionsonraithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais fhadtéarma leighis acu. Is iad seo a leanas na daoine ba cheart cur le Plean Leighis mionsonraithe:

- Seirbhís Sláinte na Scoile, altra na scoile, dochtúir ginearálta an pháiste nó gairmithe eile um chúram sláinte (ag brath ar an leibhéal tacaíochta a bhíonn de dhíth ar an pháiste);
- an Príomhoide;
- an tuismitheoir;
- an páiste (má bhíonn sé aibí go leor agus cumas tuisceana aige);
- an múinteoir ranga (bunscoileanna)/Ceann Bliana/múinteoir foirme (iarbhunscoileanna);
- an Comhordaitheoir um Riachtanais Speisialta Oideachais (CRSO);
- duine fásta breise le cúnamh nó ball foirne tacaíochta (más ann dó); agus
- foireann scoile a d'aontaigh cógas a thabhairt nó a d'aontaigh go gcuirfí oiliúint orthu i ngnáthaimh práinne.

2.3.9 Daoine eile a d'fhéadfadh cuidiú éigin a thabhairt is ea na seirbhísí sóisialta agus eagraíochtaí deonacha arb iad a saineolas é riocht áirithe sláinte agus is féidir leo siúd comhairle a thabhairt ar dhea-chleachtais nó is féidir leo pacáistí scoile a chur le chéile ag tabhairt comhairle do mhúinteoirí faoin dóigh le tacú le daltaí. (Tá liosta d'ainmneacha úsáideacha teagmhála agus seoltaí i gCuid V).

2.3.10 Ba cheart don Phlean bheith dírithe ar riachtanais aonair an pháiste ach san áireamh ann ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur:

- ainm an pháiste, dáta breithe, seoladh baile agus uimhir ghutháin;
- uimhreacha gutháin/seoltaí daoine le teagmháil a dhéanamh leo;
- mionsonraithe faoi riocht an dalta;

- riachtanais speisialta m.sh. riachtanais cothaithe, riachtanais beathaithe, leithris, réamhchúraim roimh ghníomhaíochtaí;

- cógas agus aon seachthorthaí a bhaineann leis;

- cad é is ábhar práinne ann;

- na rudaí go díreach ba cheart a dhéanamh i gcás práinne;

- uimhreacha gutháin práinneacha (Dochtúir Ginearálta, Altra Scoile/Altra Pobal Páistí, Ionad Sláinte, Ospidéal, 999)

- an ról is féidir leis an scoil bheith aige; agus

- gairmithe eile sláinte agus cúraim sóisialta a bhfuil baint acu leis.

2.3.11 Ba cheart go mbeadh gach ball foirne cuí a bhíonn i dteagmháil leis an pháiste ar an eolas maidir leis an Phlean Leighis aonair.

2.3.12 Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean ar a laghad uair sa bhliain,ach braitheann cuid mhór ar na cineálacha riachtanas a bhíonn ag an pháiste; bheadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuid acu níos minice. Ba cheart do na baill foirne a mbaineann sé leo na gnáthaimh a thástáil le cinntiú go bhfuil siad fós éifeachtach.

2.3.13 Bheadh bileog oidis comhlánaithe, le síniú agus dáta ón dochtúir ginearálta uirthi de dhíth ar pháistí a bhfuil riachtanais chasta fhisiciúla acu, iad siúd a mbíonn go leor cógas le tabhairt dóibh ar bhealaí éagsúla, m.sh. gastratóime, feadán NG, ar féidir a athrú an-mhinic ar fad. Bheadh mionsonraithe beachta gach druga air seo, bealach agus am a riaracháin, dáileogacht srl agus bheadh ar an duine a thugann an druga é a shíniú fosta.

CUID II - CÓGAS LEIGHIS A THABHAIRT

PLEANANNA CÓGAS LEIGHIS: PRO FORMA AR FÉIDIR A LEASÚ CHUN GO nÚSÁIDFEADH SCOILEANNA IAD (*Is féidir na foirmeacha seo a íoslódáil mar cháipéisí WORD ag* ***www.deni.gov.uk)***

FOIRM AM1

Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú do gach dalta a mbíonn Plean Leighis de dhíth air agus caithfear í a choinneáil i bpríomh-chomhad scoile an dalta. Caithfear é a athnuachan ar bhonn bliantúil, ar a laghad agus níos luaithe más amhlaidh go mbíonn athrú ar riocht an dalta nó ar chógas nó ar ghnáthamh.

Beidh Foirmeacha AM1, AM2 nó AM3, AM4 agus AM6 i gceist le Plean iomlán Leighis. Is féidir go mbeadh foirm AM7 de dhíth fosta do dhaltaí a bhfuil Titimeas orthu.

FOIRM AM2

Caithfidh an tuismitheoir an fhoirm seo a chomhlánú. Cuidíonn sé leis an scoil a chinntiú go bhfuarthas an t-eolas cruinn ó thuismitheoirí agus cuidíonn sé fosta monatóireacht a dhéanamh chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'úsáid an chógais ar scoil. Má bhíonn roinnt cineálacha cógais de dhíth ar dhalta ba cheart na mionsonraithe cuí a chur ar an taobh eile den fhoirm seo. Nuair a fhaigheann an scoile Foirm AM2 ba cheart don scoil an Roinn "Comhaontú an Phríomhoide" a chomhlánú. Ba cheart an bhunchóip a choinneáil i gcomhad na scoile agus cóip de a sheoladh chuig na tuismitheoirí le comhaontú na scoile a dhearbhú chun cógas a thabhairt don dalta ainmnithe.

FOIRM AM3

Ba cheart don tuismitheoir an fhoirm seo a chomhlánú más mian leo go n-iompródh a bpáiste a chógas agus go dtabharfadh sé dó féin é, m.sh. análóir, inslin. Nuair a fhaigheann an scoil Foirm AM3 ba cheart an Roinn "Comhaontú an Phríomhoide" a chomhlánú. Ba cheart an bhunchóip a choinneáil i gcomhad na scoile agus cóip de a sheoladh chuig na tuismitheoirí le comhaontú na scoile a dhearbhú chun cógas a iompar agus a thabhairt dó féin ar scoil.

FOIRM AM4

Seo Taifead Cógas na scoile a thugtar do dhaltaí aonair ar scoil. Ba cheart cóip den fhoirm seo a chur chuig tuismitheoirí an dalta ar bhonn rialta. Nuair a bhíonn an fhoirm iomlán comhlánaithe ba cheart cóip de a chur i bpríomh-chomhad scoile an dalta. Má aistríonn an dalta sula gcomhlánaítear an fhoirm ba cheart cóip de a chur i bpríomh-chomhad scoile an dalta le haistriú chuig an chéad scoil eile.

FOIRM AM5

Seo taifead na scoile de na cógais a thugtar do gach páiste.

FOIRM AM6

Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú nuair a chuirtear oiliúint ar bhaill foirne chun gnáthaimh leighis a dhéanamh. Caithfear athnuachan a dhéanamh ar oiliúint ar bhonnn bliantúil ar a laghad nó níos minice más gá.

FOIRM AM7
Údarú chun rectal diazepam a thabhairt.

NÓTA: Ba cheart cóipeanna de na foirmeacha cuí a choinneáil i bpríomh-chomhad scoile an dalta agus sa Chomhad Taifead um Riarachán Cógas.

AINM NA SCOILE **FOIRM AM1**

PLEAN CÓGAS DO DHALTA A BHFUIL RIACHTANAIS CÓGAS LEIGHIS AIGE

Dáta **Dáta Athbhreithnithe**

Ainm an Dalta
Dáta Breithe
Rang
Uimhir Shláinte Náisiúnta
Diagnóis Leighis

Eolas Teagmhála

1 Teagmháil Teaghlaigh 1

Ainm
Uimhir Ghutháin: (baile/fón póca)
(obair)
Gaol

2 Teagmháil Teaghlaigh 2

Ainm
Uimhir Ghutháin: (baile/fón póca)
(obair)
Gaol

3 Dochtúir Ginearálta

Ainm
Uimhir Ghutháin

4 Teagmháil Clinic/Ospidéil

Ainm
Uimhir Ghutháin:

Plean curtha le chéile ag:

Ainm
Teideal Dáta

Déan cur síos ar an riocht agus tabhair mionsonraithe faoi airí an dalta áirithe seo:

Riachtanais maidir le cúraimí laethúla (m.sh. roimh spórt, riachtanais chothaithe, theiripe, altranais)

Baill foirne a oileadh chun cógas a thabhairt don pháiste seo
(luaigh má athraíonn sé seo do ghníomhaíochtaí a tharlaíonn taobh amuigh de láthair na scoile)

Déan cur síos ar cad is cás práinne don pháiste, agus ar cad ba cheart a dhéanamh má tharlaíonn seo

Cúram ina dhiaidh sin

Aontaím go dtabharfaí an t-eolas leighis ar an fhoirm seo do dhaoine a bhaineann le cúram agus oideachas (ainm an dalta)

Sínithe **Dáta**

Tuismitheoir/cúramóir

Eolas le tabhairt do

Dhochtúir na Scoile Altra na Scoile

Tuismitheoir Eile

AINM NA SCOILE **FOIRM AM2**

IARRATAS AR SCOIL CHUN CÓGAS A THABHAIRT

Ní thabharfaidh an scoil cógas do do pháiste muna mbíonn an fhoirm seo comhlánaithe agus sínithe, agus má d'aontaigh an Príomhoide gur féidir le baill foirne na scoile an cógas a thabhairt

Mionsonraithe faoin Dalta

Sloinne Ainm(neacha) Báiste

Seoladh

Dáta Breithe Buachaill Cailín

Rang

Riocht nó tinneas

Cógas

Caithfidh tuismitheoirí a chinntiú go soláthraítear cógas cuí le lipéad air agus nach bhfuil sé as dáta.

Ainm/Cineál an Chógais (de réir mar atá ar an lipéad)

An dáta ar eisíodh é

Dáta Éaga

Treoracha Iomlána maidir lena úsáid:

Dáileogacht agus modh

TÁBHACHTACH Ní féidir an dáileogacht a athrú ach ar threoracha an dochtúra

Amanna

Réamhchúram speisialta

An bhfuil aon seachthorthaí ann ar cheart go mbeadh an scoil ar an eolas fúthu?

Féin-riaradh Sea/Ní hea (scrios de réir mar a oireann)

Modhanna Oibre le déanamh i gCás Práinne

Sonraí Teagmhála

Ainm

Uimhir Ghutháin: (baile/fón póca)

(obair)

Gaol leis an Dalta

Seoladh

Tuigim go gcaithfidh mé féin an cógas a thabhairt go pearsanta do (ball aontaithe foirne) agus glacaim leis gur seirbhís í seo, nach bhfuil iachall ar an scoil a sholáthar. Tuigim go gcaithfidh mé aon athrú air seo a chur in iúl don scoil i bhfoirm scríbhinne.

Síniú/Sínithe

Dáta

Comhaontú an Phríomhoide

Aontaím go bhfaighidh (ainm an pháiste)

(méid agus ainm an chógais) gach lá ag (am(anna) a bhfuil an cógas le tabhairt m.sh. am lóin nó am sosa).

Beidh (ainm an bhaill foirne) ag déanamh feitheoireachta ar an pháiste seo le linn dó an cógas a ghlacadh.

Leanfar leis an socrú seo go dtí (dáta deiridh an chúrsa leighis nó go gcuireann tuismitheoirí seo le fios)

Sínithe (**An Príomhoide/ baill údaraithe foirne)**

Dáta

Ba cheart an bhunchóip a choinneáil ar chomhad na scoile agus cóip a chur chuig na tuismitheoirí chun comhaontú na scoile a dhearbhú maidir le cógas a thabhairt don dalta ainmnithe.

AINM NA SCOILE **FOIRM AM3**

TEIMPLÉAD D'IARRATAIS CHUN GO n-IOMPRÓDH DALTA A CHÓGAS FÉIN

Caithfidh tuismitheoirí/cúramóirí an fhoirm seo a chomhlánú.

Mionsonraithe faoin Dalta

Sloinne Ainm(neacha) Baiste

Seoladh

Dáta Breithe

Rang

Riocht nó tinneas

Cógas

Caithfidh tuismitheoirí a chinntiú go soláthraítear cógas nach bhfuil as dáta agus a bhfuil lipéad cruinn air.

Ainm an Chógais

Gnáthaimh le déanamh i gcás práinne

Sonraí Teagmhála

Ainm

Uimhir Ghutháin: (baile/guthán póca)
(obair)

Gaol leis an pháiste

Ba mhaith liom go gcoinneodh mo pháiste a chógas leis féin le húsáid nuair is gá

Sínithe **Dáta**
Gaol leis an pháiste

Comhaontú an Phríomhoide

Aontaím go mbeadh cead ag (ainm an pháiste) a c(h)ógas la iompar agus a thabhairt dó féin agus é ar scoil agus leanfar leis an socrú seo go dtí
((dáta deiridh an chúrsa leighis nó go gcuireann tuismitheoirí seo le fios)

Sínithe **Dáta**
An Príomhoide/ball foirne údaraithe

Ba cheart an bhunchóip a choinneáil ar chomhad na scoile agus cóip a chur chuig na tuismitheoirí chun comhaontú na scoile a dhearbhú maidir le dalta ainmnithe ag iompar a chógais féin.

AINM NA SCOILE **FOIRM AM4**

Taifead ar chógas a thugtar do pháiste aonarach

Sloinne Ainm(neacha) Baiste

Dáta Breithe Buachaill Cailín

Rang

Míochaine nó tinneas

An dáta a sholáthraigh an tuismitheoir an cógas

Ainm agus neart an chógais

An méid a fuarthas

Dáta Éaga

An méid a tugadh ar ais

Dáileogacht agus minicíocht an chógais

Seiceáilte ag

Síniú an bhaill foirne **Síniú an tuismitheora**

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

FOIRM AM4(Ar lean)

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

Dáta

An t-am a tugadh é

Dáileogacht a tugadh

Frithghníomhartha ar bith

Ainm an bhaill foirne

Túslitreacha an bhaill foirne

AINM NA SCOILE **FOIRM AM5**

Taifead gach Cógas Leigheas a thugtar do pháistí

Ainm na scoile

Dáta	Ainm an Pháiste	Am	Ainm an Chógais	Dáileogacht a tugadh	Frithghníomhartha ar bith	Síniú na mball foirne	Clóbhuail d'ainm

AINM NA SCOILE **FOIRM AM6**

TEIMPLÉAD LE TAIFEAD A CHOINNEÁIL AR OILIÚINT LEIGHIS DO BHAILL FOIRNE

Ainm
Cineál oiliúna a fuarthas

Ainm(neacha) an reachta/chógais atá i gceist

Dáta ar cuireadh an oiliúint i gcrích
a rinne an oiliúint

Dearbhaím gur cuireadh an oiliúint seo ar thuasluaite agus go bhfuil sé/sí ábalta an cógas atá luaite a thabhairt.

Síniú an traenálaí **Dáta**

Dearbhaím go bhfuair mé an oiliúint thuasluaite

Síniú an oiliúnaí **Dáta**

Dáta molta athoiliúna

Oiliúint athnuachana déanta – Traenálaí Dáta

Oiliúnaí Dáta

AINM NA SCOILE **FOIRM AM7**

ÚDARÚ CHUN RECTAL DIAZEPAM A THABHAIRT

Ainm an pháiste

Dáta breithe

Seoladh baile

Dochtúir Teaghlaigh

Comhairleach Ospidéil

Ba cheart Rectal Diazepam mg. a thabhairt do

má bhíonn *taom faidréiseach titimis aige a mhaireann os cionn bomaite

NÓ

*taomanna srathacha a mhaireann os cionn bomaite.

Ba cheart glaoch ar otharcharr *ag tús an taoma

NÓ

Muna bhfuil an taom maolaithe *i ndiaidh bomaite.

(*scrios de réir mar a oireann)

Síniú Dochtúra

Síniú Tuismitheora

Dáta / /

TÁBHACHTACH: Údarú mar le recal diazepam a thabhairt do dhuine

Bíonn údarú aonair de dhíth do gach páiste chun an diazepam a thabhairt mar go mbíonn treoracha difriúla ann maidir le cén uair é a thabhairt. Ba cheart do dhochtúir teaghlaigh/lia comhairleach agus/nó Sainaltra Titimis an pháiste seo a chomhlánú agus athbhreithniú a dhéanamh air ar bhonn rialta.

Ba cheart cuntas soiléir bheith scríofa san údarú maidir le cén uair a bhfuil an diazepam le tabhairt m.sh. i ndiaidh 5 bhomaite; cé mhéad den chógas ba cheart a thabhairt; más féidir an dara dáileogacht de Rectal Diazepam a thabhairt agus an dóigh a mbíonn an páiste roimh, le linn agus i ndiaidh taoma.

Ba cheart cuntas bheith ar an Fhoirm Údaraithe maidir le cén uair ba cheart glaoch ar otharcharr.

Ba cheart an fhoirm seo a chomhlánú i gcomhar le Foirm AM7

Ba cheart taifid ar riarachán a choinneáil ar Fhoirm AM4 nó ar fhoirm cosúil leis

CUID III: GNÁIS ÉIGEANDÁLA

Cógas Práinneach

3.1 Mar chuid de phróiséis ghinearálta bainistithe riosca ba cheart go mbeadh socruithe i bhfeidhm maidir leis an dóigh chun déileáil le suímh éigeandála. Ba cheart go n-inseofaí do gach ball foirne ar bhonn bliantúil faoi dhaltaí a bhfuil riocht leighis orthu agus/nó Plean Leighis acu.

3.2 Is féidir le haon duine aonair gníomhú chun beatha a chaomhnú a fhad is go ndéantar an gníomh le hintinn mhaith agus de mheon macánta. Bítear ag súil le go ndéanfadh múinteoirí agus baill foirne eile an iarracht is fearr gach uair i gcás práinne. Is amhlaidh go bhfuil na hiarmhairtí muna ndéantar aon ghníomh níos dáiríre ná iad siúd a dhéanann iarracht cuidiú i gcás práinne. Tá comhairle agus oiliúint ar fáil ó Sheirbhís Sláinte na Scoile maidir le éigeandáil leighis.

3.3 Baineann siad seo le ceithre riocht, den chuid is mó:

- Taom géar plúchta a mbíonn níos mó análóirí/cúraim ná na gnáth-dháileogachtaí.
- Taom géar hipiglicéimeach diaibéiteach a éilíonn Glúcós (piollaí glúcóis nó hypostop).
- Frithghníomh anaifiolachtach a éilíonn aidréanailín (m.sh. EpiPen® or Anapen).
- Taomanna faidréiseacha a éilíonn Rectal Diazepam.

3.4 Beidh an fhéidearthacht go n-éireodh éigeandáil léirithe i bPlean Leighis an dalta agus ansin beidh plean chun gnímh ann i gcas práinne. Tugtar níos mó mionsonraithe ar shainriochtanna i gCuid IV.

3.5 Má bhíonn eachtra práinne ag dalta gan aon réamheolas cuí ann, bítear ag súil go ndéanfadh baill foirne gach rud réasúnta laistigh dá gcumas agus dá dtaithí féin chun cuidiú le dalta agus chun an chabhair chuí a fháil.

3.6 Nuair a bhíonn dalta arb eol go bhfuil riocht leighis air agus a bhfuil Plean Leighis aige i gcás práinneach leighis, beifear ag súil leis an fhoireann feidhmiú de réir na comhairle atá sa Phlean Leighis. Bítear ag súil le baill foirne sealadacha a bhíonn ar an láthair, agus b'fhéidir gan an leibhéal céanna feasachta agus tuisceana acu agus a bhíonn ag baill foirne buana, feidhmiú laistigh dá gcumas agus dá dtaithí féin agus an chabhair chuí a fháil.

Gnáis Éigeandála

3.7 Ba cheart go mbeadh a fhios ag gach ball foirne cad é an dóigh le glaoch ar na seirbhísí éigeandála. Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach ball foirne cé atá freagrach as gnásanna éigeandála nuair a bhíonn gá leo. Ba cheart go mbeadh a fhios ag páistí eile

cad é le déanamh i gcás riocht éigeandála, ar nós insint do bhall foirne. Tugtar treoir maidir le glaoch a chur ar otharcharr ar an fhoirm shamplach Glaoch Éigeandála, ag deireadh na Roinne seo. Ba cheart cóip amháin bheith ar taispeáint in aice le guthán na hoifige mar 'aide-memoire' le mionsonraithe na scoile air i gcás riocht éigeandála.

3.8 Caithfear na tuismitheoirí a chur san airdeall láithreach. Ba cheart ball foirne bheith le dalta a thugtar chuig an ospidéal in otharcharr agus ba chóir dó fanacht go dtagann tuismitheoir an dalta. Nuair is féidir ié ba cheart go mbeadh mionsonraithe faoi aon riachtanas cúraim leighis agus cógas an dalta chomh maith le/nó cóip den Phlean Leighis. Tá gairmithe sláinte freagrach as aon chinneadh a dhéantar faoi chóir leighis nuair nach mbíonn na tuismitheoirí ar fáil.

3.9 Níor cheart do bhaill foirne páistí a thabhairt chuig an ospidéal ina gcarr féin in am ar bith; tá sé níos sábháilte glaoch a chur ar otharcharr. I gceantracha iargúlta b'fhéidir gur mhaith le scoil socruithe a dhéanamh le gairmí sláinte fá choinne clúdaigh éigeandála.

3.10 Ba cheart treoracha bheith i bPleananna Cúraim Aonair nó Leighis maidir leis an dóigh le déileáil le páiste in éigeandáil, agus ba chóir go mbeidh sé scríofa ann cé air a bhfuil an fhreagracht i gcás éigeandála, mar shampla má bhíonn eachtra sa chlós lóin chaithfeadh feitheoir lóin bheith an-soiléir faoin ról atá aige.

3.11 Ba cheart taifead iomlán a dhéanamh ar an eachtra.

3.12 Ba cheart gnásanna éigeandálana scoile bheith mionsonraithe i lámhleabhair na mball foirne.

I ngach cás éigeandála beifear ag súil le múinteoir nó le ball eile den fhoireann feidhmiú mar dhuine fásta nó tuismitheoir freagrach ar leas an pháiste de réir dhualgas an chúraim atá orthu.

Má bhíonn amhras ar bith ort cuir glaoch ar na seirbhísí éigeandála

FOIRM UM GHLAOCH ÉIGEANDÁLA

LE CUR AR TAISPEÁINT IN AICE LE GUTHÁN NA hOIFIGE

IARRATAS AR OTHARCHARR

chuig:

Dailigh 999, cuir ceist don otharcharr agus bí réidh leis an eolas seo a leanas.

1. D'uimhir ghutháin (cuir isteach an uimhir ghutháin anseo).

2. Tabhair an seoladh seo a leanas: (cuir isteach seoladh na scoile agus an cód poist).

3. Abair cén áit go díreach sa scoil ina bhfuil tú (tabhair cur síos gonta).

4. Tabhair d'ainm.

5. Déan cur síos gonta ar airí an dalta.

6. Inis do lucht smachta na n-otharcharr cén áit a bhfuil an bealach isteach is fóirsteanaí agus abair leo go mbuailfear leis an chriú agus go dtabharfar chuig an dalta iad.

LABHAIR GO SOILÉIR AGUS GO MALL

CUID IV: BAIL CHOITIANTA – COMHAIRLE PHRAITICIÚIL AR PHLÚCHADH, THITIMEAS, DHIAIBÉITEAS, ANAIFIOLACSAS AGUS AR NEAMHORD HIPIRGHNÍOMHAÍOCHTA EASNAMH AIRDE (NHEA)

Intreoir

Is iad seo a leanas na riochtanna leighis is coitianta i bpáistí a chruthaíonn imní i scoileanna agus i suímh; plúchadh, diaibéiteas, titimeas agus frithghníomh ailléirgeach géar (anaifiolacsas) agus NHEA. **Sa chaibidil seo tá roinnt buneolais ann maidir leis na riochtanna seo ach níorbh fhéidir eolas leighis níos mionsonraithe a chur ann agus tá sé tábhachach go meastar riachtanais na bpáistí ar bhonn aonair.** Tá breis eolais, sainchomhairle do scoileanna san áireamh, ar fáil ó roinnt eagraíochtaí sa liosta i gCuid V.

PLÚCHADH

Cad is Plúchadh ann? Is riocht é plúchadh a chuireann isteach ar na haerbhealaí – na feadáin bheaga a iompraíonn aer isteach agus amach as na scamhóga. Is é seo an riocht fadtéarma is coitianta a bhíonn ar pháistí agus ar dhaoine óga sa RA. Bíonn plúchadh ar dhuine as gach deichniúr páiste i dTuaisceart Éireann.

Fuaim cársáin nó feide sa chliabhrach chomh maith le giorrú anála is ea na hairí is coitianta a bhaineann le plúchadh. D'fhéadfadh páistí níos óige seo a mhíniú ag rá go bhfuil pian ina mbolg nó go mothaíonn siad mar a bheadh duine ina shuí ar a gcliabhrach. Ní bhíonn na hairí seo ar fad ar gach duine, agus b'fhéidir go bhfaigheadh roinnt páistí agus daoine óga díreach airí ó am go ham.

B'fhéidir nach mbeadh baill foirne ábalta brath ar pháistí níos óige, áfach, bheith in ann a mhíniú nuair a bhíonn na hairí ag dul i ndonas nó fiú chun é sin a aithint. Nó ní bheidh a fhios ag páistí cad iad na cógais ba cheart dóibh a ghlacadh agus cén uair ba cheart dóibh iad a ghlacadh. Mar sin de, tá sé riachtanach go mbíonn a fhios ag baill foirne na luathbhlianta agus bunscoile, a mbíonn páistí níos óige sna ranganna acu, an dóigh le hairí atá ag dul i ndonas i bpáiste a aithint agus eolas bheith acu faoi cad é ba cheart dóibh a dhéanamh nuair a tharlaíonn sé seo.

Ba cheart oiliúint rialta ar phlúchadh a chur ar gach ball foirne i suímh luathbhlianta agus i scoileanna (is féidir le cúramóirí luathbhlianta teacht ar oiliúint trí Asthma UK Northern Ireland). Chomh maith leis sin ba cheart do gach scoil taifead plúchta a choinneáil chun taifead a dhéanamh de mhionsonruithe faoi na rudaí éagsúla a spreagann plúchadh sa duine aonair agus de na cógais ba cheart dóibh a ghlacadh. Is bealach úsáideach atá sna cártaí scoile plúchta chun na mionsonruithe a shainscagadh agus a stóráil.

Ba cheart Plean aonair Leighis bheith ag páistí a mbíonn plúchadh suntasach orthu.

Cógas Leighis agus Smacht

Tá dhá phríomhchineál leighis ann chun cóir leighis a chur ar phlúchadh, faoisitheoirí agus coisctheoirí.

Faoisitheoirí (gorm go hiondúil) Is cógais iad seo ba cheart a ghlacadh a luaithe agus a thosaíonn airí plúchta. Déanann siad na matáin thart ar na haerbhealaí cúngaithe a bhogadh go gasta rud a dhéanann níos fusa é análú arís. Bíonn faoisitheoirí riachtanach

chun cóir a chur ar thaomanna plúchta. Ba cheart análóir faoisitheora bheith ag gach páiste agus duine óg agus ba cheart dóibh ceann a thabhairt leo ar scoil.

Coisctheoirí (análóirí donna, dearga, oráiste nó bána, uaireanta piollaí) Is iondúil go nglactar iad seo taobh amuigh d'uaireanta scoile go luath ar maidin nó tráthnóna. Cuireann coisctheoirí smacht ar at agus ar athlasadh na n-aerbhealaí, rud a stopann iad ó bheith chomh mothálach agus a laghdaíonn an baol go mbeadh géarthaom ann.

Tógtar ar éifeacht chosantach de réir a chéile agus mar sin caithfear iad a ghlacadh gach lá. Ní bheidh gá ag gach páiste nó ní ordófar do gach páiste agus duine óg a bhfuil plúchadh air cógais coisctheoirí.

Tá sé riachtanach go mbíonn teacht láithreach ag gach dalta agus páiste ar a gcuid análóirí faoisitheoirí nuair a bhíonn gá ann dóibh. Ba cheart faoisitheoirí bheith ar fáil i gcónaí le linn an chorpoideachais, gníomhaíochtaí spóirt agus cuairteanna oideachais.

Baintear úsáid as spásghléas leis an chuid is mó de na hanálóirí aerasóil chun feabhas a chur ar sheachadadh cógais chuig na scamhóga. B'fhéidir go mbeadh roinnt cúnaimh de dhíth ar pháistí chun an t-análóir agus an spásghléas a úsáid. Dea-chleachtas atá ann, áfach, páistí a bhfuil plúchadh orthu a spreagadh a n-análóir féin a bhainistiú agus bheith in ann é a úsáid. Má bhíonn an páiste ró-óg nó ró-mhíaibí freagracht phearsanta a ghlacadh dá fhaoisitheoir, ba cheart go ndéanfadh baill foirne cinnte de go mbíonn sé á choinneáil in áit atá sábháilte ach ar furasta teacht uirthi, agus ainm an pháiste marcáilte air go soiléir. TÁBHACHTACH: I mbainistiú géarthaoma plúchta ba cheart an faoisitheoir a úsáid i gcomhar le spásghléas.

Ba cheart do gach tuismitheoir análóir sa bhreis a chur ar fáil don scoil nó don suíomh ar leith ón análóir faoisitheora a thugann an páiste nó an duine óg isteach gach lá, sa dóigh sin má chailleann páiste nó dalta a cheann féin beidh ceann sa bhreis le fáil. I suímh luathbhlianta agus i mbunscoileanna ba cheart análóirí breise a choinneáil i seomra ranga an pháiste aonair. I scoil dara leibhéil, ba cheart seomra lárnach bheith ann nach gcuirtear faoi ghlas ariamh ina stóráiltear análóirí breise. Freagracht an tuismitheora/an chúramóra atá ann a chinntiú go dtugtar gach análóir, nach bhfuil as dáta, ar scoil (nó chuig an suíomh) agus go bhfágtar ann iad mar chinn bhreise. **Níor cheart faoisitheoirí a chur faoi ghlas i seomra nó i dtarraiceán in am ar bith.**

Comharthaí coitianta de thaom plúchta

- Casacht
- Giorrú anála
- Cársán
- Fáscadh cléibhe
- Bheith ciúin as an ghnáth

- Deacracht abairtí iomlána a labhairt

- Pian sa bholg (uaireanta le páistí níos óige)

Rudaí ba cheart a dhéanamh nuair a bhíonn taom plúchta ann

- Fanacht socair.

- Déan iarracht an páiste nó an duine óg a chur ina shuí in airde agus beagán chun tosaigh – ná tabhair barróg dó agus ná lig dó luí síos.

- Déan cinnte de go dtógann an dalta dhá phuth as análóir an fhaoisitheora (gorm) láithreach (trí spásghléas ab fhearr).

- Scaoil aon éadach atá teann.

- Ceansaigh an leanbh.

Muna mbíonn feabhas ar bith ann láithreach

Coinnigh ort ag cinntiú go nglacann an dalta puth amháin d'análóir an fhaoisitheora gach bomaite go ceann cúig bhomaite nó go dtí go dtagann feabhas ar na hairí.

Glaogh ar 999 go práinneach i gcás:

- nach dtagann feabhas ar na hairí laistigh de 5-10 mbomaite;

- go mbíonn an dalta ró-mhór as anáil nó róthraochta le labhairt;

- má bhíonn dath gorm ar bheola an pháiste nó an duine óig; nó

- má bhíonn aon amhras ort.

Coinnigh ort ag tabhairt puth amháin den análóir faoisitheora gach bomaite go dtagann an t-otharcharr nó an dochtúir.

Is bealach úsáideach atá sa Chártaí Scoile Plúchta (ar fáil ó Asthma UK) chun eolas scríofa a stóráil faoi phlúchadh an pháiste aonair agus air ba cheart na mionsonruithe bheith scríofa faoi chógais plúchta, na rudaí a spreagann é, airí aonair agus uimhreacha teagmhála éigeandála don tuismitheoir/chúramóir agus do dhochtúir an pháiste.

Bheadh sé ina chuidiú fosta do pháistí agus daoine óga a bhfuil plúchadh géar orthu dá dtarraingneofaí Plean scríofa Leighis níos mionsonraithe aontaithe ag tuismitheoirí/cúramóirí an pháiste, ag an scoil agus ag dochtúir an pháiste.

Ba cheart athbhreithniú rialta plúchta ón dochtúir nó ón altra plúchta bheith ag gach páiste agus ag gach duine óg (gach sé go dhá mhí dhéag). Ba chóir go ndéanfadh na tuismitheoirí an t-athbhreithniú a shocrú agus ba cheart go bhfaighidís plean pearsanta gnímh i bhfoirm scríofa chun cuidiú leo déileáil leis an phlúchadh sa bhaile. Ní hiondúil gur gá plean gnímh pearsanta don phlúchadh ar scoil a choinneáil do fhormhór na ndaltaí sa chuid is mó de na scoileanna. (Eisceacht atá sna scoileanna cónaithe).

Má bhíonn plúchadh an pháiste ag éirí níos measa léirítear sa phlean gnímh pearsanta um phlúchadh don tuismitheoir/cúramóir an dóigh leis na cógais a athrú dá réir. Is iondúil go ndéantar na hathruithe seo do chógais a ghlacann siad taobh amuigh d'uaireanta na scoile. Nuair a athraíonn comhairle ó dhochtúir an pháiste nó ón altra ba cheart go ndéanfadh na tuismitheoirí/cúramóirí cinnte de go ndéantar cárta scoile plúchta a bpáiste a athnuachan.

Beidh airí plúchta ag go leor páistí agus daoine óga le linn nó i ndiaidh aclaíochta, ach cosúil le gach duine eile, bíonn aclaíocht rialta de dhíth ar pháistí agus ar dhaoine óga a bhfuil plúchadh orthu. Ba cheart go mbeadh a bhformhór ábalta páirt a ghlacadh in aon spórt nó in aon ghníomhaíocht a thaitníonn leo, a fhad is go mbíonn an plúchadh faoi smacht agus go ndéanann siad an réamhchúram is gá.

Nuair a bhítear ag déanamh aclaíochta – ba cheart do pháistí agus do dhaoine óga a bhfuil plúchadh orthu:

- A gcuid leibhéal corpacmhainne a mhéadú de réir a chéile.
- an t-análóir faoisitheora bheith leo i gcónaí agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíocht fhisiciúil nó in aclaíocht.
- An t-análóir faoisitheora a ghlacadh go díreach sula ndéanann siad téachán (má bhíonn plúchadh orthu a spreagtar ag aclaíocht).
- Téachán agus fuarú i gceart i gcónaí.
- Rudaí a spreagann an plúchadh a sheachaint.
- Stopadh, má bhíonn airí plúchta orthu, le linn aclaíochta. Ba cheart don pháiste nó don duine óg an t-análóir faoisitheora a ghlacadh agus fanacht go mothaíonn siad níos fearr (ar a laghad cúig bhomaite) sula dtosaíonn sé arís.

Bíonn cineálacha áirithe spóirt thar chinn eile níos fearr do dhaoine a mbíonn plúchadh orthu. Tá an snámh iontach maith mar aclaíocht do pháistí agus daoine óga a mbíonn plúchadh orthu, ach is féidir le clóirín agus snámh in uisce fuar plúchadh a spreagadh i roinnt daoine. Is lú an seans go gcothódh spóirt foirne ar nós peile nó haca airí plúchta mar imrítear iad i dtréimhsí gearra agus sosanna beaga eatarthu. Cothaíonn reathaíocht

fhad-achair nó thrastíre plúchadh go minic mar go mbíonn siad ar siúl amuigh san aer fuar, gan sosanna beaga eatarthu.

Bíonn póstaeir agus cártaí ***Out There and Active*** ann do scoileanna, do dhaltaí agus do thuismitheoirí, (ar fáil ó Asthma UK), úsáideach chun cur i gcuimhne do bhaill foirne faoin dóigh le plúchadh a smachtú le linn aclaíochta.

Ba cheart plé a dhéanamh ar leisce chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí fisiciúla leis na tuismitheoirí, le baill foirne agus leis an pháiste. Níor cheart, áfach, iachall a chur ar pháistí páirt a ghlacadh má mhothaíonn siad tinn. Ba cheart fosta páistí a spreagadh lena gcuid airí a aithint má bhíonn siad ag cur isteach ar a gcumas bheith páirteach.

B'fhéidir nach mbeadh páistí agus daoine óga ábalta freastal ar scoil nó ar an suíomh laethanta áirithe de bharr an reachta. B'fhéidir go mbeadh corraíl codlata ag páistí de bharr airí oíche, agus d'fhéadfadh seo cur isteach ar dhíriú na hintinne. Ba cheart do mhúinteoirí labhairt le tuismitheoirí/cúramóirí an pháiste ar dtús mar b'fhéidir go mbeadh orthu a bpáiste a thabhairt chuig an dochtúir nó chuig altra fá choinne athbhreithnithe plúchta. Ba cheart altra na scoile agus Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais a bheith ar an eolas nuair is cuí.

Ba cheart do gach scoil agus suíomh polasaí ar phlúchadh bheith acu agus seo bheith ina chuid lárnach de pholasaí na scoile nó an tsuímh iomláin ar chógais agus ar riachtanais leighis. Is féidir polasaí na scoile ar phlúchadh a bheith mar chuid den pholasaí ar shláinte agus sábháilteacht. ar gharchabhair nó ar shláinte i gcoitinne. Ba cheart go leagfaí síos sa roinn ar phlúchadh na sainghníomhartha agus ba chóir go mbeadh príomheolas ann ar nós cad é le déanamh nuair a bhíonn taom plúchta ag duine (tá treoir ar pholasaithe scoile ar fáil ó Asthma UK agus is féidir é a íoslódáil óna suíomh idirlín). Ba cheart timpeallacht na scoile bheith ag tacú le plúchadh tríd an oiread rudaí is féidir plúchadh a spreagadh a chur de.

Ba cheart go mbeadh oiliúint ag gach ball foirne, go háirithe múinteoirí corpoideachais, nó eolas bheith tugtha dóibh faoi phlúchadh uair sa bhliain. Ba cheart go gcuideodh sé seo leo bheith muiníneach maidir le hairí atá ag iarraidh níos measa a aithint chomh maith le bheith eolach ar chógais plúchta, an dóigh chun iad a thabhairt agus faoi cad é ba cheart a dhéanamh má bhíonn taom plúchta ag páiste.

Tá **Pacáiste Scoile** curtha le chéile ag **Asthma UK** agus tá eolas ann ar phlúchadh, plúchadh i gCorpoideachas agus spórt, cad é le déanamh nuair a thagann páiste a mbíonn plúchadh air isteach sa rang agus an dóigh le polasaí maith scoile ar phlúchadh a dhréachtú agus sampla ann de cheann. Is féidir cóip saor in aisce den Phacáiste Scoile a ordú ag 020 7704 5888: cosnaíonn cóipeanna breise £2. **Asthma UK Adviceline** : Teil 08457 01 02 03.

Foilseacháin Asthma UK

Le cóip de threoir polasaí Plúchadh ar Scoil a íoslódáil– **www.asthma.org.uk** Chun Cártaí Scoile, Cárta Réamhscoile nó acmhainní Out There and Active a iarraidh don scoil - **ni@asthma.org.uk**

TITIMEAS

Cad is Titimeas ann?

Bíonn taomanna ag páistí a bhfuil titimeas orthu a thosaíonn san inchinn. Is féidir taom titimis tarlú do dhuine ar bith ag am ar bith. Tarlaíonn na taomanna seo ar chuid mhór cúiseanna. Bíonn titimeas ar dhuine as gach 200 páiste, ar a laghad, agus bíonn 80 faoin chéad acu ag freastal ar ghnáthscoil. Ní bhíonn taom ag formhór na bpáistí a bhfuil diagnóis titimis acu le linn lá scoile. Is riocht é titimeas a athraíonn ó dhuine go duine.

Bíonn cineálacha éagsúla taomanna ann agus is féidir réimse leathan téarmaí a úsáid le cur síos ar an phatrún áirithe taoma a bhíonn ag páistí aonair. Ba cheart go gcuirfeadh tuismitheoirí agus gairmithe cúraim sláinte eolas ar fáil do scoileanna le cur isteach sa phlean aonair leighis agus cur síos ann ar phatrún áirithe titimis an pháiste aonair. Má bhíonn taom ag páiste ar scoil nó ar shuíomh, ba cheart taifead a dhéanamh de na mionsonruithe agus an t-eolas seo a thabhairt do na tuismitheoirí, na nithe seo a leanas san áireamh:

. toisc ar bith a d'fhéadfadh bheith mar rud a spreag an taom, m.sh. spreagadh físe/cloisteála, mothú (imní, suaitheadh)

. aon 'mhothú' neamhghnách a thugann an páiste le fios roimh an taom;

. baill coirp a léiríonn gníomhaíocht taoma m.sh. géaga nó matáin san aghaidh;

. am an taoma – an uair a tharla sé agus an t-achar a mhair sé;

. má chaill an páiste comhfhios;

. má bhí an páiste neamhchoinneálach.

Cuideoidh sé seo le tuismitheoirí eolas níos cruinne a thabhairt ar thaomanna agus minicíocht taomanna do speisialtóir an pháiste.

Braitheann a mothaíonn an páiste ar cén chuid den inchinn ar tharla dochar dó nó má rinneadh dochar don inchinn ar fad. Ní bheidh cailliúint comhfheasa i gceist le gach taom. Nuair nach ndéantar dochar ach do chuid den inchinn beidh páiste comhfheasach agus airí aige cosúil le preabarnach nó siorcadh géaga nó blasanna aisteacha sa bhéal nó mothúcháin cosúil le codladh gliúragáin. Nuair a chuirtear isteach ar an chomhfhios d'fhéadfadh mearbhall bheith ar an pháiste, d'fhéadfadh sé dul ag fánaíocht agus bheith i ngan fhios faoin áit a bhfuil sé. Thiocfadh leis fosta rudaí neamhghnáthacha a dhéanamh, ar nós éadaí a stoitheadh, bheith ag méaraíocht le rudaí nó ag mungailt a chuid cainte nó ag cogaint. B'fhéidir nach bhfreagródh sé dá labharfaí leis. Ina dhiaidh d'fhéadfadh sé gan aon chuimhne nó gan ach beagán cuimhne bheith aige ar an taom.

I roinnt cásanna leanann an taom le cur isteach ar an inchinn ar fad agus cailleann an páiste comhfhios. Thiocfadh le taomanna den chineál sin tosú leis an pháiste ag scairteadh amach, ansin na matáin ag éirí righin agus docht. B'fhéidir go dtitfeadh an páiste as a sheasamh. Ansin bíonn gluaiseachtaí siorctha ann de réir mar a bhíonn na matáin ag bogadh agus ag teannadh go rithimiúil. D'fhéadfadh sé bheith deacair análú le linn taoma agus b'fhéidir go n-athródh dath an pháiste go dath éadrom gorm nó liath thart ar an bhéal. B'fhéidir go mbainfeadh an páiste plaic as a theanga nó as a leiceann agus d'fhéadfadh sé é féin a fhliuchadh.

I ndiaidh taoma d'fhéadfadh páiste bheith ag mothú tuirseach, trí chéile, nó go mbeadh tinneas cinn air agus go mbeadh am de dhíth air chun a scíth a ligean nó chun codladh. Athraíonn am téarnaimh ó dhuine go duine. Bíonn roinnt páistí maith go leor i ndiaidh cupla bomaite agus bíonn páistí eile a chaithfidh dul a chodladh ar feadh roinnt uaireanta.

Tá cineál eile taoma ann a chuireann isteach ar an inchinn ar fad agus a mbíonn cailliúint comhfheasa ann ar feadh cúpla soicind. Is féidir cuma 'fholamh' bheith ar an pháiste nó é díreach ag stánadh, uaireanta bíonn caipíní na súl ag cleitearnach. Is féidir leis na taomanna neamhláithreacha seo bheith chomh caolchúiseach sin nach dtugtar i gcónaí faoi deara iad. D'fhéadfaí na hairí seo a mheas go contráilte mar a bheadh duine ag brionglóideach nó gan bheith ag tabhairt airde sa rang. Má tharlaíonn a leithéid seo de thaom go minic thiocfaí gurb iad is cúis le meath ar chruthúnas acadúil.

Cógas Leighis agus Smacht

Glacann formhór na bpáistí a mbíonn titimeas orthu cógas frith-thitimis chun stop a chur leis na taomanna nó chun iad a laghdú. Níor cheart go mbeadh gá ann cógas rialta a thabhairt le linn uaireanta scoile.

Spreagfadh leithéidí imní, strus, tuirse nó tinneas an seans go mbeadh taom ag páiste. Is féidir le soilse gealánacha nó caochaíle agus roinnt cruthanna nó patrúin gheoiméadracha taomanna a spreagadh. Fótamhothálacht a thugtar air seo. Is rud an-annamh é seo. Is féidir le formhór na bpáistí a mbíonn titimeas orthu ríomhairí a úsáid agus amharc ar an teilifís gan aon fhadhb.

Ba cheart do pháistí a mbíonn titimeas orthu bheith páirteach i ngach gníomhaíocht. B'fhéidir go mbeadh cúram breise de dhíth le roinnt eachtraí ar nós snámh nó obair i saotharlanna eolaíochta. Ba cheart aon chúis imní maidir le sábháilteacht a phlé leis an pháiste agus leis na tuismitheoirí mar chuid den phlean cúraim sláinte. Le linn taoma tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn an páiste i suíomh sábháilte, gan aon srian bheith ar a chuid gluaiseachtaí agus ligean don taom tarlú. Más taom baoth-thonnach atá ann cosnóidh sé rud éigin bog a chur faoi chloigeann an pháiste. Níor cheart aon rud a chur ina bhéal. Nuair a stopann taom baoth-thonnach ba cheart an páiste a chur i luí téarnaimh agus fanacht leis, go dtagann sé chuige féin i gceart arís.

Ba cheart glaoch ar otharcharr le linn taom baoth-thonnach sna cásanna seo a leanas:

- más é seo an chéad taom a bhí ag an pháiste;
- má ghortaigh an páiste é féin go holc;
- má bhíonn deacrachtaí aige análú i ndiaidh taoma;
- má mhaireann taom níos faide ná an tréimhse atá luaite i bplean cúraim sláinte an pháiste;
- má mhaireann taom cúig bhomaite agus ní heol duit cén fhad a mhaireann siad go hiondúil don pháiste sin;

. má bhíonn níos mó ná taom amháin ann, ach amháin más gnáthrud é seo don pháiste de réir Plean Leighis an pháiste.

Ba cheart eolas den chineál seo bheith ina chuid lárnach de ghnáthaimh na scoile nó an tsuímh mar a phléitear i gCuid III ach ba cheart go mbainfeadh sé go díreach le Plean Leighis an pháiste aonair. Sa Phlean Leighis ba cheart go sonrófaí go soiléir an cineál nó na cineálacha taomanna a bhíonn aige, cur síos ar thaomanna, ar rudaí a spreagann iad agus na cásanna ar gá idirghabháil práinneach bheith ann.

Maireann formhór na dtaomanna cúpla soicind nó bomaite, agus stopann siad dá réir féin. B'fhéidir go n-ordófaí diazepam do pháistí a mbíonn taomanna níos faide acu le tabhairt sa reictim. Is cóir leighis éifeachtach é seo nuair a bhíonn taomanna fada ann. Ba cheart go dtabharfadh an t-altra titimis nó péidiatrach treoir maidir le cén uair seo a thabhairt agus cén fáth.

Tá gá le hoiliúint i riarachán rectal diazepam agus beidh seo ar fáil ó sheirbhísí áitiúla sláinte. Tá sé tábhachtach fanacht leis an pháiste ina dhiaidh mar b'fhéidir go mbeadh codladh ar an pháiste de bharr an diazepam. Is féidir go n-ordófaí tuaslagán midazolam le tabhairt isteach sa bhéal nó sa tsrón nuair a mheastar sin bheith cuí go cliniciúil. **Caithfidh** treoracha maidir lena úsáid teacht ón dochtúir a d'ordaigh. Ba cheart foirm údaraithe AM7 a chomhlánú agus seo bheith mar chuid den Phlean iomlán Leighis.

Beidh éagsúlachtaí ann i bpáistí agus daoine óga a mbíonn rectal diazepam de dhíth orthu ó thaobh aoise, cúlra agus eitneachas de agus beidh leibhéil éagsúla gá, cumais agus scileanna cumarsáide ann. Más féidir leis an scoil socrú a dhéanamh go mbeadh beirt duine fásta, duine acu ar aon inscne leis an dalta, bheith i láthair do riaradh dlúthchóireáil nó cóireáil ionrach, éascaíonn sé seo riaradh praiticiúil na cóireála agus laghdaíonn sé ar an fhéidearthacht go mbeadh líomhaintí mí-úsáide ann. Ba cheart go gcaomhnódh baill foirne dínit an dalta an oiread agus is féidir, fiú amháin i gcás éigeandála.[7]

Tá **eolas ar thiteamas** ag an **National Society for Epilepsy (NSE) : Education and epilepsy** a fhéachann ar thitimeas agus foghlaim, ar riachtanais speisialta, scrúduithe, gníomhaíochtaí praiticiúla, leigheas, ar an Acht um Leithcheal Míchumais, agus ar theagasc daltaí a mbíonn titimeas orthu. Líne chabhrach UK Epilepsy: 01494 601400. **http://www.epilepsynse.org.uk/**

Tá eolas do scoileanna ag **Epilepsy Action** (Cumann Briotanach Titimis) sa leabhrán **Epilepsy — A Teacher's Guide**. Féachann sé seo ar gharchabhair sa seomra ranga, cúram éigeandála, cógas agus gníomhaíochtaí scoile. Saorghlao líne chabhraigh 0808 800 5050. Tá teimpléad de Phlean Cúraim Sláinte ar féidir a íoslódáil ar an suíomh idirlín **http://www.epilepsy.org.uk/**

[7] See DE Circular 1999/10 Pastoral care in Schools: Child Protection

DIAIBÉITEAS

Cad is Diaibéiteas ann?

Is riocht é diaibéiteas ina n-ardaíonn an leibhéal glúcóis san fhuil. Tarlaíonn seo de bharr easpa insline (Diaibéiteas Cineál 1) nó de bharr nach bhfuil go leor insline ann do riachtanais an pháiste nó mar nach bhfuil an inslin ag feidhmiú i gceart (Diaibéiteas Cineál 2).

Bíonn diaibéiteas ar thart ar dhuine as gach 550 páiste atá ar aois scoile. Bíonn diaibéiteas cineál 1 ar fhormhór na bpáistí. Go hiondúil bíonn orthu instealltaí laethúla insline bheith acu chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal ghlúcós na fola agus bíonn orthu ithe go rialta de réir phlean pearsanta cothaithe s'acu. Is iondúil go ndéantar cóireáil ar pháiste a mbíonn diaibéiteas cineál 2 acu le haiste bia agus aclaíocht amháin.

B'fhéidir go mbeadh airí difriúla ar gach páiste agus ba cheart seo a phlé nuair a dhréachtaítear an Plean Leighis. B'fhéidir go léireodh gá as an ghnáth le dul chuig an leithreas nó le hól, tuirse agus cailliúint meáchain drochsmacht diaibéiteach agus beidh an fhoireann ag iarraidh aon chomhartha den chineál sin a chur in iúl don tuismitheoir.

Cógas Leighis agus Smacht

Déantar diaibéiteas fhormhór na bpáistí a smachtú le hinstealltaí insline gach lá. Bíonn an chuid is mó de na páistí is óige ar chóras insline dhá uair sa lá, córas insline a mhaireann níos faide agus ní dócha go mbeidh siad seo le tabhairt le linn uaireanta scoile, ach dóibh siúd a bhfuil sin de dhíth orthu b'fhéidir go mbeadh ar dhuine fásta an t-instealladh a thabhairt. B'fhéidir go mbeadh páistí níos sine ar iol-instealltaí agus is féidir diaibéiteas páistí eile a smachtú ar chaidéal insline. Is féidir le formhór na bpáistí a gcuid instealltaí féin a bhainistiú ach má bhíonn dáileogachtaí de dhíth ar scoil is féidir go mbeadh feitheoireacht de dhíth chomh maith le háit phríobháideach fhóirsteanach chuige seo.

Is minice anois a dteagasctar do pháistí níos sine comhaireamh a dhéanamh ar líon na gcarbaihiodráit a thógann siad isteach agus an t-inslin a athrú dá réir. Ciallaíonn sé seo go mbíonn dáileogacht laethúil d'inslin a mhaireann níos faide sa bhaile acu, ag am luí go hiondúil; agus ansin inslin leis an bhricfeasta, lón agus dinnéar an tráthnóna, agus roimh smailceanna substainteacha. Múintear don pháiste cé mhéad insline le tabhairt le gach béile, ag brath ar an líon carbaihiodráit a itear. B'fhéidir go mbeadh nó nach mbeadh orthu
siúcra na fola a thástáil roimh an bhéile agus cinneadh a dhéanamh maidir le cé mhéad insline ba cheart a thabhairt. Ní chuirfeadh speisialtóirí diaibéitis córas den chineál seo i bhfeidhm sa chás go bhfuil siad muiníneach go mbíonn an páiste ábalta seo a dhéanamh. Ansin bíonn an páiste freagrach as na hinstealltaí agus leagfar an córas síos sa Phlean aonair Leighis.

Bíonn ar pháistí a mbíonn diaibéiteas orthu a chinntiú go mbíonn na leibhéil glúcóis fola seasmhach agus is féidir leo na leibhéil a sheiceáil trí shampla beag fola a ghlacadh agus trí mhonatóir beag a úsáid go rialta. B'fhéidir go mbeadh orthu seo a dhéanamh le linn sos lóin, roimh chorpoideachas nó níos rialta má bhíonn an t-inslin le hathrú. Beidh formhór na bpáistí níos sine ábalta seo a dhéanamh iad féin agus ní bheidh de dhíth orthu ach áit oiriúnach leis seo a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh feitheoireacht dhuine fásta de dhíth

ar pháistí níos óige chun an tástáil a dhéanamh agus/nó chun torthaí na tástála a thuigbheáil.

Nuair a aontaíonn baill foirne le tástálacha glúcóis fola nó insteallta insline a thabhairt, ba cheart oiliúint ó ghairmí cuí sláinte a thabhairt dóibh.

Caithfidh cead bheith ag páistí a bhfuil diaibéiteas acu ithe go rialta le linn an lae. B'fhéidir go mbeadh smailceanna le hithe le linn an ranga nó roimh aclaíocht. Caithfidh scoileanna socruithe speisialta a dhéanamh do dhaltaí a mbíonn diaibéiteas acu má bhíonn amanna éagsúla lóin acu. Má chaillteár béile nó smailc, nó tar éis dian-aclaíochta d'fhéadfadh an páiste babhta hipiglicéimeach bheith aige agus lena linn d'fhéadfadh leibhéal glúcóis na fola titim ró-íseal. Ba cheart go mbeadh baill foirne atá i gceannas ar chorpoideachas nó ar sheisiúin eile aclaíochta bheith ar an eolas maidir leis an ghá do pháistí a bhfuil diaibéiteas acu le taibléidí glúcóis nó deoch shiúcrúil bheith in aice láimhe.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag baill foirne gur féidir leis na hairí seo a leanas, astu féin nó le chéile, siúcra fola íseal a léiriú – **frithghníomh hipiglicéimeach** i bpáiste a bhfuil diaibéiteas aige:

. ocras; ag cur allais; codlatach; dath

. súile glónraithe; croitheadh; easpa airde

. tinneas cinn

. colgacht

. athruithe giúmair, iompar feargach nó ionsaitheacha san áireamh anseo.

B'fhéidir go mbeadh airí éagsúla ag gach páiste agus ba cheart seo a phlé nuair a bhítear ag dréachtú plean leighis.

Má bhíonn frithghníomh hipiglicéimeach ag páiste, tá sé an-tábhachtach nach bhfágtar an páiste leis féin agus go dtugtar siúcra a oibríonn go gasta, ar nós taibléidí glúcóis, glóthach a bhfuil neart glúcóis ann, nó deoch shiúcrúil don pháiste láithreach. Ba cheart bia a bhfuil stáirse ann a oibríonn níos moille, ar nós ceapaire nó dhá bhriosca agus gloine bainne a thabhairt dó nuair a thagann an páiste chuige féin arís, 10-15 bomaite ina dhiaidh.

Ba cheart glaoch ar otharcharr má:

. **ghlacann sé níos mó ná 10-15 bomaite ar pháiste teacht chuige féin**

. **má chailleann an páiste comhfhios**

B'fhéidir go mbeadh **hipiglicéimeach** (leibhéal ard glúcóis) ag roinnt páistí, agus fonn níos mó ná mar is gnáth orthu dul chuig an leithreas nó ól. B'fhéidir go léireodh tuirse agus cailliúint meáchain drochsmacht diaibéitis agus beidh baill foirne ag iarraidh seo a chur in iúl don tuismitheoir. Má bhíonn an páiste tinn, ag urlacan nó má bhíonn buinneach

air d'fhéadfadh sé bheith díhiodráitithe dá dheasca. Má bhíonn boladh braonta piorra nó aicéatóin ón pháiste b'fhéidir gur comhartha céatóise agus díhiodráitithe é seo agus beidh cúram leighis éigeandála de dhíth ar an pháiste.

Ba cheart eolas den chineál seo bheith ina chuid lárnach de Ghnáthaimh Éigeandála na scoile, mar a luadh i gCuid III, ach ba cheart fosta go mbainfeadh siad go díreach le Plean aonair Leighis an pháiste.

Tá eolas ag **Diabetes UK**, **www.diabetes.org.uk**, ar **Diabetes in School**, agus pléitear ann instealltaí insline, aiste bia, smailceanna, frithghníomh hipiglicéimeach agus an dóigh le cóir leighis a dhéanamh air. Tá leagan ann dá bpacáiste scoile "**Children with diabetes at school — What all staff need to know"** ar féidir a íoslódáil. Is féidir cóipeanna de seo a ordú fosta ó Diabetes UK Distribution (teil 0800 585 088).

ANAIFIOLACSAS

Cad is anaifiolacsas ann?

Is frithghníomh géar tromchúiseach ailléirgeach é anaifiolacsas a mbíonn cúram leighis éigeandála de dhíth air. Is iondúil go dtarlaíonn sé laistigh de shoicind nó bomaite i ndiaidh bheith i dteagmháil le bia nó substaint áirithe, ach thig leis seo tarlú i ndiaidh cúpla uair a chloig cé gur annamh sin.

Is iad seo a leanas cuid de na rudaí is coitianta a spreagann é; piseanna talún, piseanna crann, seasaman, uibheacha, bainne bó, éisc, torthaí áirithe ar nós cíobhaíonna agus peinicillin, laitéis agus nimh ó fheithidí a mbíonn cealg iontu (ar nós beach, foichí nó cornfhoichí).

Turraing anaifiolachtach an cineál frithghnímh ailléirgí is géire, nuair a thiteann an brú fola go mór agus cailleann an t-othar comhfhios. Go hámharach tá sé seo an-annamh ar fad i bpáistí óga nach bhfuil na déaga bainte amach acu fós. Is coitianta i measc páistí go mbíonn at sa scornach, ar féidir leis soláthar aeir a chosc, nó géarphlúchadh. Bíonn airí ar bith a chuireann cosc ar análú dáiríre.

Cógas Leighis agus Smacht

Instealladh aidréanailín (ar a dtugtar eipineifrín) an cóireáil atá ar fhrithghníomh géar ailléirgeach. Is féidir gléasanna réamhlódáilte insteallta a fháil ar oideas. Bíonn na gléasanna ar fáil ar dhá neart – duine fásta agus páiste.

Is féidir aon cheann, nó gach ceann de na hairí agus na comharthaí seo a leanas bheith ann le frithghníomh géar ailléirgeach.

Ba cheart frith-hiostaimín a thabhairt a luaithe agus a shonraítear aon fhrithghníomh ailléirgeach agus ba cheart an páiste a fhaire go cúramach. B'fhéidir go gcaithfí dáileogacht fhrith-hiostaimín a thabhairt arís má bhíonn an t-othar ag urlacan.

Maidir le páiste a mbíonn plúchadh air, má bhíonn aon chomhartha ann go bhfuil deacracht aige análú ba cheart an t-análóir faoisitheora (gorm, go hiondúil) a thabhairt.

Frithghníomhuithe beaga (a dteastaíonn frith-hiostaimín ó bhéal uathu):

. Ag mothú te/imdheargadh

. tochas

. "Cosúil le dó neantóige" gríos/séamaí/baill aodh (urtacáire)

. Súile deaga, tochas agus uisce iontu

. Srón plúchta, le tochas ann, í ag rith nó ag ligean sraoth

. At: aghaidh, beola, súile, lámha

. Pian sa bholg

. Urlacan nó buinneach

. Blas miotail (aisteach) sa bhéal

Fiú amháin má bhíonn airí éadroma le brath ba cheart an páiste a fhaire go cúramach mar go bhfuil seans ann gur tús iad seo le frithghníomh níos dáiríre.

Má leanann an frithghníomh ar aghaidh d'ainneoin an fhrith-hiostaimín agus má bhíonn aon cheann de na hairí/comharthaí seo a leanas le feiceáil, ba cheart ansin an EpiPen/Anapen a thabhairt trína chur isteach i matán na leise uachtaraí ar an taobh amuigh agus ba chóir glaoch ar otharcharr láithreach.

Frithghníomhartha géara (nuair a bhíonn EpiPen/Anapen de dhíth):

. Deacrachtaí análaithe/análú torannach, cársán, as anáil, cliabhrach teann, síorchasacht

. Deacracht labhairt, athrú sa ghlór, piachá

. At, teannas, tochas sa scornach (mothú mar a bheadh meall sa scornach)

. Imshruthú olc – craiceann mílítheach tais, gorm faoi na beola agus faoin bhéal, leibhéal laghdaithe comhfheasa

. Mothú go bhfuil míchinniúint roimhe ("mothaím go bhfuil mé chun bás a fháil")

. Ag éirí mílítheach/ neamhchothrom

. Tnáitheadh

Má táthar ag tabhairt EpiPen/Anapen do pháiste, ba cheart don pháiste bheith ina luí síos, na cosa ina airde (m.sh. ar chathaoir) chun cuidiú leis an imshruthú.

Ba cheart é a aistriú chuig ospidéal agus é i suíomh "ceann faoi". Má ardaítear cloigeann an othair nó má chuidítear leis suí nó seasamh is féidir go mbeadh frithghníomh géar tromchúiseach ailléirgeach ann dá dheasca.

Ó am go chéile, b'fhéidir go mbeadh gá ann leis an dara EipPen/Anapen muna dtagann feabhas ar bith ar riocht an pháiste idir 5 agus 10 mbomaite i ndiaidh an chéad EpiPen/Anapen a thabhairt.

Is féidir baill foirne a dheonaíonn iad féin chun oiliúint a fháil maidir leis na dóigh leis na gléasanna seo a úsáid a chur ar a suaimhneas mar nach bhfuil sé doiligh iad a thabhairt do dhuine. Tuigtear go maith instealltaí aidréanailín a thugtar de réir threoracha an déantúsóra mar ghléasanna a sholáthraíonn cóir leighis go sábháilte. Ní féidir ródháileogacht a thabhairt leis an ghléas seo. Ní fheictear an tsnáthaid go dtí go mbaintear amach as cos an pháiste í. I gcás go mbíonn amhras ann is fearr an t-instealladh a thabhairt ná gan.

Caithfear an cinneadh maidir le cá mhéad gléas aidréanailín ba cheart don scoil nó don suíomh a choinneáil a dhéanamh ar bhonn aonair idir an Príomhoide, tuismitheoirí an pháiste agus an fhoireann leighis atá i gceist ann.

Nuair a mheastar na páistí bheith freagrach go leor leis an chóir leighis éigeandála a iompar leo ba cheart i gcónaí seit sa bhreis á choinneáil in áit nach bhfuil faoi ghlas agus atá ar fáil do gach ball foirne. I scoileanna móra nó i suímh atá scartha ó chéile is minic a bhíonn sé níos gaiste do bhaill foirne instealladh atá ag an pháiste féin a úsáid in áit am a chaitheamh ag bailiú ceann ó ionad lárnach.

I gcúinsí eile (nuair a bhíonn Treoir Grúpa Othar ann) *cuir isteach an áit 8* a b'fhéidir go mbeadh roinnt áirithe epipen ag altra na scoile, gan ainm faoi leith orthu, agus d'fhéadfadh sé iad seo a úsáid chun cóir leighis éigeandála a thabhairt (m.sh. frioth-hiostaimín /aidréanailín) d'othar nár ordaíodh seo dó roimhe, ach a léiríonn na comharthaí cliniciúla a bhaineann le frithghníomh ailléirgeach suntasach. Chlúdódh sé seo na cásanna sin a tharlaíonn go hannamh nuair a bhíonn an chéad fhrithghníomh ag dalta ar scoil. Is dream an-leochaileach iad déagóirí a bhfuil ailléirge cnónna acu ar an dóigh seo agus aithnítear go forleathan gur cúis mhór í nuair a bhíonn frithghníomh marfach ann nach raibh a leigheas féin á iompar leo. Mar sin de bheadh an dara córas cúraim ar scoil ar leas cuidithe, é seo rialaithe ag Treoir Grúpa Othar.

Tá léirithe i gcásanna staidéir go laghdaítear ar an bhaol do pháistí a mbíonn frithghníomh ailléirgeach acu nuair a bhíonn plean leighis aonair i bhfeidhm. Tarlaíonn frithghníomh níos annaimhe agus nuair a tharlaíonn siad bíonn siad bog go maith den chuid is mó. Caithfear an plean a bheith aontaithe ag tuismitheoirí an pháiste, ag an scoil agus ag an dochtúir atá ag cur cóire air.

San áireamh i measc ceisteanna tábhachtacha a bhaineann go sainiúil le hanaifiolacsas tá:

- anaifiolacsas – cad é d'fhéadfadh é a spreagadh
- cad é le déanamh i gcás éigeandála
- leigheas ordaithe
- bainistiú bia
- céimeanna réamhchúraim

Má aontaíonn baill foirne leigheas a thabhairt do pháiste a mbíonn ailléirge aige i gcás éigeandála beidh seisiún oiliúna le cur ar fáil ag na seirbhísí áitiúla sláinte. Ba cheart go mbeadh an deis ag baill foirne cleachtadh a dhéanamh le gléasanna oiliúna insteallta.

Bíonn bearta polasaí ar bhonn laethúil de dhíth ar mhaithe le bainistiú bia, feasacht riachtanais an pháiste maidir leis an bhiachlár, riachtanais aonair béiltí agus smailceanna ar scoil. Nuair a fhostaíonn eagraíocht ar leith foireann cistine tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn maoirseoir na lónadóireachta go hiomlán ar an eolas faoi shainriachtanais an pháiste. D'fhéadfaí 'cód cleachtais cistine' a chur i bhfeidhm.

Is minic a iarrann na tuismitheoirí ar an Phríomhoide an bia a bhfuil ailléirge ag a bpáiste ina leith a chosc ón áit. Ní i gcónaí gur féidir seo a dhéanamh, cé gur cheart na céimeanna cuí a ghlacadh chun aon bhaol do pháiste a bhfuil ailléirge acu a laghdú.

FONÓTA:

[8] Is treoir scríofa é an Treoir Grúpa Othar (TGO) a bhaineann le soláthar agus riaradh, nó le riaradh Leighis ar Ordú Amháin (LOA), do dhaoine i gcoitinne, (faoi réir ag eisiachtaí ar leith) agus atá sínithe ag dochtúir nó ag fiaclóir, agus ag poitigéir.

Ní tinn sa ghnáthchiall atá páistí a bhíonn i mbaol frithghníomhartha géara ailléirgeacha. Is gnáthpháistí iad ar gach bealach – ach amháin má thagann siad i dteagmháil le bia nó substaint áirithe is féidir leo bheith an-tinn. Tá sé tábhachtach nach dtarraingneofaí náire ar na páistí seo nó nach gcuirfí ina luí orthu go bhfuil siad éagsúil. Tá sé tábhachtach fosta eagla tuismitheoirí a mhaolú agus go gceansófaí iad, ag cinntiú dóibh go ndéanfaí beart éifeachtach cuí de réir chomhairle agus threoir leighis.

Is féidir anaifiolacsas a bhainistiú. Is féidirl le gach duine a bhaineann leis leanúint le gnáthshaol scoile nuair a bhíonn na bearta cearta réamhchúraim ann chomh maith le tacaíocht ón fhoireann.

Ar shuíomh idirlín an **Fheachtais Anaifiolacsais** tá treoir ann do scoileanna agus déantar plé ann ar anaifiolacsas, ar chóireáil, ar leagan síos prótacail, agus ar thacaíocht do dhaltaí agus don fhoireann. Tá sampla de phrótacal ann fosta. Tá Líne Chabhrach an Fheachtais Anaifiolacsais ar 01252 542029. Tá suíomh idirlín **Allergy in Schools** foilsithe ag an Fheachtas Anaifiolacsais agus tá sainchomhairle ansin do réamhscoileanna, scoileanna, lónadóirí scoile, tuismitheoirí, daltaí agus banaltraí.

NEAMHORD HIPIRGHNÍOMHAÍOCHTA EASNAMH AIRDE (NHEA)

Cad is NHEA ann?

Aithnítear neamhaird, róghníomhaíochtaí agus ríogacht le Neamhord Hipirghníomhachta Easnamh Airde (NHEA) agus is iondúil go mbíonn sin ann ó bhíonn an páiste an-óg. Is féidir leis drochthionchar bheith aige ar shaol agus ar fhorbairt an pháiste. Is minic a chuireann sé isteach ar oideachas agus bíonn saol an teaghlaigh strusmhar go minic agus b'fhéidir go gcuirfeadh sé isteach ar an ghaol le comhaoisigh. I bhformhór na gcásanna, leanfaidh NHEA isteach san aoisghrúpa iarbhunscoile.

Cógas Leighis agus Smacht

Ordófar leigheas do chuid mhór de na daoine a bhfuil seo orthu, meitilfeandáit (Ritalin®, Equasym®) den chuid is mó. Bíonn dáileogacht aonair éifeachtach fá choinne thart ar 4 huaire. Go hiondúil beidh dáileogacht ag páistí ag thart ar 8.00 r.n. nuair a fhágann siad an baile le dul ar scoil agus mar sin de beidh an dara dáileogacht de dhíth thart ar 12, meánlae, agus caithfear, de ghnáth, seo a thabhairt ar scoil.

Is measc án iad Concerta XL® agus Equasym XL® de mheitilfeandáit scaoileadh modhnaithe a mhaireann tamall fada. Tugtar dáileogacht uair sa lá chun clúdach éifeacht a thabhairt ar feadh an lá scoile agus an tráthnóna, ag cuidiú, mar shample a, le gníomhaíochtaí cosúil le hobair bhaile.

CUID V: TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA AGUS ACMHAINNÍ IDIRLÍN

Sa chuid seo tá seoltaí teagmhála áisiúla chomh maith le seoltaí idirlín san earnáil dheonach ach go háirithe. Tá Bileog Shamplach Teagmhála a d'fhéadfadh bheith úsáideach do scoileanna ach é a chomhlánadh leis an eolas cuí áitiúil.

TEAGMHÁLACHA		
Ainm	**Seoladh**	**Mionsonraithe Teagmhála**
The Anaphylaxis Campaign	PO Box 275 Farnborough GU14 6SX	Líne chabhrach: 012 52 542029 Facs: 012 52 377140 **www.allergyni.co.uk** **www.anaphylaxis.org.uk** **info@anaphylaxis.org.uk** **www.allergyinschools.org.uk**
Asthma UK Northern Ireland	Peace House 224 Lisburn Road BÉAL FEIRSTE BT9 6GE	Teil: (018) 9066 9736 Líne chabhrach: (084)57010203 **ni@asthma.org.uk** **www.asthma.org.uk**
NI – ADD Attention Deficit Disorder	**NI-ADD Support Centre** 71 Eglantine Avenue Béal Feirste BT9 6EW	Teil: (028) 9020 0110 Facs:(028) 9020 0112 Rphost: **niaddfsguk@netscape.net**
Autism NI	Knockbracken Healthcare Park Saintfield Road BÉAL FEIRSTE BT8 8BH	Teil: (028) 9040 1729 Facs: (028) 9040 3467 **info@autismni.org** **www.autism.org**
National Autistic Society	The National Autistic Society 57a Botanic Avenue BÉAL FEIRSTE BT7 2GL	Teil: (028) 9023 6225 Facs: (028) 9027 4547 **www.nas.org.uk** **regina.cox@nas.org.uk**
RNIB – Royal National Institute for the Blind	RNIB NI 40 Linenhall Street BÉAL FEIRSTE BT2 8BA	Teil: (028) 9032 9373 Facs: (028) 9027 8119 **rnib@rnib.org.uk** **www.rnib.org.uk**
The Cedar Foundation	1a Upper Lisburn Road BÉAL FEIRSTE BT10 0GW	Teil: (028) 9062 3382 Facs: (028) 9062 8620 **info@cedar-foundation.org** **www.cedar-foundation.org**
Scope (Cerebral Palsy)		Teil: (020) 7619 7100 Líne chabhrach: 0808 8003333 cphelpline@scope.org.uk **www.scope.org.uk**
Cystic Fibrosis Trust	Selshion Manor Selshion Lane PORTADOWN	Teil: (028) 3833 4491 Facs: (028) 3833 4491

	Co. Ard Mhacha	**enquiries@cftrust.org.uk** **www.cftrust.org.uk**
RNID – Royal National Institute for the Deaf	Wilton House 5 College Square North BÉAL FEIRSTE BT1 6AR	Teil: (028) 9023 9619 Facs: (028) 9031 2032 **brian.symington@rnid.org.uk** **www.rnid.org.uk**
National Deaf Children's Society	Wilton House 5 college Square North BÉAL FEIRSTE BT1 6AR	Teil: (028) 9031 3170 Facs: (028) 9031 3170 rphost: **pauline@ndcsni.co.uk** **www.ndcs.org.uk**
Net Doctor		**www.netdoctor.co.uk**
Diabetes UK	Bridgewood House Newforge Business Park Newforge Lane BÉAL FEIRSTE BT9 5NW	Teil: 028) 9066 6646 Rphost: **n.ireland@diabetes.org.uk** **www.diabetes.org.uk**
Disability Action	2 Annadale Avenue BÉAL FEIRSTE BT7 3JH	Teil: (028) 9029 7880 facs: (028) 9049 1627 **hq@disabilityaction.org** **www.disabilityaction.org**
Down's Syndrome Association	Knockbracken Healthcare Park Saintfield Road BÉAL FEIRSTE BT8 8BH	Teil: (028) 9070 4606 Facs: (028) 9070 4606 **www.downs_syndrome.org** **downs.syndrome@cinni.org**
NI Dyslexia Association	17a Upper Newtownards Road BÉAL FEIRSTE BT4 3HT	Teil: (028) 9065 6212
National Eczema Society	Hill House Highgate Hill LONDON N19 5NA	Teil: (020) 7281 3553 Facs: (020) 7281 6395 **www.eczema.org**
Epilepsy Action (British Epilepsy Association)	Room 110 Bostock House Royal Hospital Trust BÉAL FEIRSTE BT12 6BA	Teil: (028) 9063 4942 Facs: (028) 9031 5914 **mclarke@epilepsy.org.uk** **www.epilepsy.org.uk**
	Segal House 4 Annadale Avenue	Teil: (028) 9069 1351 Facs: (028) 9064 0121

MENCAP	BÉAL FEIRSTE BT7 3JH	**www.mencap.org.uk** **mencapni@mencap.org.uk**
Muscular Dystrophy Campaign	Forster Green Hospital 110 Saintfield Road BÉAL FEIRSTE BT8 4HD	Teil: (028) 9079 0708 Facs: (028) 9079 6672 **www.muscular-dystrophy.org** **n-ireland@muscular-dystrophy.org**
NI ME (Myalgic Encephalomyelitis) Association	Bryson House 28 Bedford Street BÉAL FEIRSTE BT2 7FE	Teil: (028) 9043 9831 Facs: (028) 9043 9831 **www.nimea.org**
Association for Spina Bifida & Hydrocephalus (NI Region)	Graham House Knockbracken Healthcare Park Saintfield Road BÉAL FEIRSTE BT8 8BH	Teil: (028) 9079 8878 facs: (028) 9079 7071 **niro@asbah.org** **www.asbah.org**
Belfast Education and Library Board	40 Academy Street BÉAL FEIRSTE BT1 2NQ	Teil: (028) 9056 4033 **www.belb.co.uk**
North-Eastern Education and Library Board	County Hall 182 Galgorm Road BALLYMENA Co. Aontroma BT42 1HN	Teil: (028) 2565 3333 **www.neelb.org.uk**
South-Eastern Education and Library Board	40 Grahamsbridge Road Dundonald BÉAL FEIRSTE BT16 2HS	Teil: (028) 9056 6200 **www.seelb.org.uk**
Southern Education and Library Board	3 Charlemont Place ARD MHACHA BT61 9AX	Teil: (028) 3751 2200 **www.selb.org**
Western Education and Library Board	Campsie House 1 Hospital Road OMAGH Co. Thír Eoghain BT79 0AW	Teil: (028) 8241 1411 **www.welbni.org**
Association of Teachers and Lecturers (ATL)	The Gas Office 10 Cromac Quay Ormeau Road	Teil: (028) 9032 7990 Facs: (028) 9032 7992 **www.atl.org.uk/ni**

	BÉAL FEIRSTE BT7 2JD	
Irish National Teachers Organisation (INTO)	23 College Gardens BÉAL FEIRSTE BT9 6BS	Teil: (028) 9038 1455 Facs: (028) 9066 2803 **info@ni.into.ie**
Ulster Teachers Union	94 Malone Road BÉAL FEIRSTE BT9 5HP	Teil: (028) 9066 2216 Facs: (028) 9068 3296 **office@utu**
SEN – Special Educational Needs Advisory Centre	C/o Down's Syndrome Association Graham House Knockbracken Healthcare Park Saintfield Road BÉAL FEIRSTE BT8 8BH	Teil: (028) 9070 5654 Facs: (028) 9070 5633 **www.ipsea.org.uk** **ipsea.info@intamail.com**

Ba cheart aon eolas breise nó aon athrú a chur in iúl do:

Special Education Branch
Department of Education
Rathgael House
43 Balloo Road
BANGOR
Co. an Dúin
BT19 7PR

Teil: 028 9127 9603

<u>FOIRM SHAMPLACH TEAGMHÁLA</u>

AG TACÚ LE DALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS LEIGHIS NÓ EILE ACU

UIMHREACHA ÁITIÚLA TEAGMHÁLA

(Comhlánaigh seo, le do thoil, de réir mar a oireann don scoil)

……. Scoil

Príomhoide

Duine údaraithe

SENCO (Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais)

Altra na Scoile

Bord Oideachais agus Leabharlainne……..

Roinn Riachtanais Speisialta Oideachais
……

Síceolaíocht Oideachais ……..

Sláinte agus Sábháilteacht…….

Bord Sláinte/Iontaobhas……

Doctúir na Scoile …….

Altra na Scoile ……..

Ospidéal Áitiúil …….

Saotharlanna Áitiúla Dochtúirí
……

Péidiatraí Áitiúil ……..

Seirbhís Sláinte na Scoile ……